Clár an Ábhair

	Lth.
Teachtaireacht ón gCathaoirleach	2
Ráiteas an Stiúrthóra	3
An Cúlra	4
Cruinnithe agus Ballraíocht:	5
❖ *An Tionóil Réigiúnaigh*	6-7
❖ *Na bhFochoistí*	8-10
❖ *Na gCoistí Monatóireachta*	11-13
Ionadaíocht an Tionóil ar Choistí eile	14
Foireann de chuid an Tionóil Réigiúnaigh agus Comhrúnaíochta Teicniúla na hÉireann-na Breataine Bige	15-17
Tuarascáil ar dhul chun cinn na gClár Oibriúcháin 2000-2006 agus 2007-2013	18-21
Cláir atá á maoiniú ag an AE: Trasteorainn, Comhar Trasnáisiúnta & Idir-réigiúnach (An Clár Interreg IV A,B,C um Chomhar Idir Chríocha)	22
Interreg IVA: Clár um Chomhar Trasteorainn ❖ *Clár na hÉireann - na Breataine Bige um Chomhar idir Chríocha 2007-2013*	23-25
Interreg IVB: Iarthuaisceart na hEorpa	
❖ *Clár Iarthuaiscirt na hEorpa 2007-2013*	26-28
❖ *Clár am Limistéir Atlantaigh 2007-2013*	29-30
❖ *Clár an Imill Thuaidh 2007-2013*	30-31
Interreg IVC: Comhar Idir-réigiúnach	31-32
❖ *An Tionscadal Estiic (IIIC)*	33-36
Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí a bhí againn le linn 2008	37-43
Comhdhálacha/Seiminéir a raibh ionadaíocht ag an Tionól iontu	44
Ráiteas na gCuntas	45-46

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

An Comhaileoir, Jim Holloway
Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar Thionól Réigiunach an Deiscirt agus an Oirthir is cúis áthais dom an10ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Tionóil a chur i láthair. Tá 10 mbliana imithe anois ó bunaíodh na tionóil i gcéaduair sa bhliain 1999 agus is dóigh liom gur cóir a rá go bhfuil fás agus forbairt tagtha orthu i gcaitheamh na tréimhse atá thart. Táid tagtha chun cinn go mór ón uair sin sa tslí gur eagraíochtaí poiblí iad a bhfuil ard-thaithí acu ar fhorbairt réigiúnach a chur chun cinn agus ar bhainistiú Clár Cistí Struchturtha.

Is amhlaidh a bhí ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir trí cinn de Chláir Oibriúcháin difriúla a bhainistiú i 2008, is é sin, an Clár Réigiúnach 2000-2006, an Clár Réigiúnach nua 2007-2013 agus Clár Trasteorainn na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013. Cuireadh na freagrachtaí seo i gcrích ar shlí fhíor-phroifisiúnta agus is mór an clú don Tionól agus dá fhoireann é seo. Bliain bhroidiúil ab ea an bhliain 2008 don Tionól ó thaobh a lán gnéithe eile de. Ar chuid de bhluaicphointí na bliana áirítear ar gcomhchruinniú lenár gcomhleacaithe ó Thionól Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, cruinniú a d'óstaíodh i mBaile Átha Cliath agus ag a dtug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil aitheasc. D'fhreagair sé ar ár bplépháipéar faoin bPáipéar Uaine um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil. Reáchtáileadh 9ú Comhdháil Bhliantúil an Tionóil in Óstán Marriot Druids Glen i mBaile an Chinnéidigh i gCo. Chill Mhantáin ar an 16ú Bealtaine 2008 agus dob é an téama a bhí air ná "Cláir um Chomhar Trasteorainn de chuid an AE (Interreg) 2007-2013 - Cén buntáiste a gheobhaidh eagraíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta in Éirinn astu?" ("*E.U. Territorial Co-operation Programmes (Interreg) 2007-2013 – What's in it for regional and local bodies in Ireland*?".) Bhí freastal an-mhaith ar an gComhdháil agus thug painéal de chainteoirí mór le rá óráidí ann.

Bhíomar inár n-óstaigh, leis, do roinnt toscaireachtaí ó Bhallstáit eile a raibh fonn mór orthu nithe a fhoghlaim ónár dtaithí ar bhainistiú clár réigiúnach. D'óstaíomar cuairt staidéir, leis, ónár gcomhleacaithe ó Cantabria na Spáinne, cuairt a thugadar orainn mar fhreagra ar chuairt a thugarmairne orthu i 2007 mar chuid de thionscadal um athnuachaint ar a dhein an tAE maoiniú ag an am. Is deimhin liom go raghaidh caidrimh oibre dá short sin a dheineann an Tionól le réigiúin chomhpháirtíochta eile go mór chun tairbhe do gach aoinne lena mbaineann. Mar chuid den obair seo cuireadh críoch leis an bpáipéar beartais tábhachtach an Tionóil ar Athnuachaint, páipéar a sheolfar go hoifigiúil ag ár gComhdháil Bhliantúil i 2009 a bheidh ar siúl mBaile Átha Triom i gCo. na Mí.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhleacaithe ar fad sa Tionól agus ar na Coistí as a gcuid comhoibrithe le linn na bliana, agus go háirithe leis an té a bhí ina chathaoirleach romham, An Comhairleoir Conal Kavanagh, as comhairle agus misneach a chur orm. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur i gcuntas, leis, leis an Stiúrthóir Stephen Blair, agus lena fhoireann ar fad, as an tsárobair a dheineadar agus as an treoir a thugadar ar feadh na bliana ar fad.

An Comhairleoir Jim Holloway, Cathaoirleach

Ráiteas an Stiúrthóra

Stephen Blair
Stiúrthóir

Tá sé ina údar áthais dúinn an deichiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Tionóil Réigiúnaigh a fhoilsiú de réir mar a iarrtar orainn in Alt 30 den Órdú Bunaithe. Beidh léir ón tuarascáil gur tharlaigh réimse ocáidí éagsúla spreagúla i gcaitheamh na bliana.

Faoi mar a bhí sna blianta roimhe seo tá bainistiú ár gClár Oibriúcháin Réigiúnach mar cheann dár gcuid príomhfheidmeanna i gcónaí. Cuireadh tuilleadh leis an obair seo i 2008, áfach, toisc gur deineadh a lán oibre chun cur i ngníomh an Chláir 2000-2006 a chríochnú agus, anuas air seo, tháinig ár gClár Oibriúcháin nua, an Clár Oibriúchúcháin Réigiúnach 2007-2013 i mbun oibríochta go hiomlán tar éis do Choimisinéir agus don Tánaiste é a láinseáil i mí na Nollag 2007. Dá bhrí sin thug an fhoireann an-chuid ama ar an dá chion oibre sin, caiteachas faoin seanchlár a chríochnú agus an clár nua a chur sa tsiúl. Tá achoimre ar dhul chun cinn an dá chláir faoi iamh sa tuarascáil seo.

I 2008 cuireadh tús le cur i ngníomh Clár nua na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013 chomh maith, clár gur ghlac an Tionól freagracht ina leith ónár gcomhghleacaithe sa Bhreatain Bheag mar Údarás Bainistíochta agus Deimhnithe. I gcaitheamh na bliana d'earcaíodh an líon foirne iomlán d'ochtar do Rúnaíocht an Chláir agus bhí gach aoinne díobh seo gafa le obair chun tús a chur le tionscnaimh 'ar an bhfód'.

Déanta na fírinne, ba bhliain an-bhroidiúil í 2008 ó thaobh earcaíocht de. Líonadh roinnt postanna nua den chéad uair riamh, ach ní hé sin amháin, mar níor bheag na hathruithe ar an bhfoireann a bhí againn le linn na bliana. Go háirithe, ba mhaith liom mo mheas a léiriú ar bheirt bhall foirne sinsearacha a d'fhág an Tionól i gcaitheamh na bliana tar éis seirbhís fhada a thabhairt dó, is iad sin an Leas-Stiúrthóir, Ivan Grimes a d'fhill ar an Roinn Comhshaoil ar ardú céime agus Oifigeach Feidhmiúcháin na gclár, Dolores Keating a chuaigh ar scor go luath. Shocraigh na baill foirne nua isteach go breá ina bpostanna nua agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil leis na baill foirne ar fad as a dtiomantas agus a ndílseacht thar an bhliain.

Chomh maith leis sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Tionóil ar fad as a rannpháirtíocht ghníomhach agus as an tsuim a chuireadar in obair an Tionóil.

Stephen Blair, Stiúrthóir.

An Cúlra

Bhí de thoradh ar na socruithe réigiúinithe a rinne Éire a chaibidliú i gcomhthéacs Chomhaontú an Chláir Oibre 2000 go ndearnadh dhá réigiún a shainiú maidir le Cuspóirí i gComhair Cistí Struchtúir de chuid na hÉireann, mar atá:

• Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (Réigiún D&T) agus
• Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (Réigiún TLI)

Tar éis an sainiú sin a dhéanamh bunaíodh dhá Thionól Réigiúnacha nua agus bhí éifeacht leo an 21 Iúil 1999 faoi réir ag an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha) (Bunú) 1999. Cuimsítear ionadaithe ainmnithe tofa de chuid na n-údarás réigiúnach laistigh dá Réigiún siúd.

Is iad príomhfheidhmeanna na dTionól Réigiúnach sin ná:

- Comhordú na seirbhísí poiblí a chur chun cinn i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir
- Clár Oibríochta Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013 a bhainistiú
- Údarás Bainistíochta ar Chlár Comhoibrithe idir Críocha de chuid na hÉireann agus na Breataine Bige 2007-2013
- Faireachán a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le tionchar ginearálta gach Cláir cúnaimh de chuid an AE ar a gcuid réigiún féin faoin gCreatlach um Chúnamh Pobail
- Feasacht i measc chomhlachtaí poiblí a chothú maidir leis na tionchair réigiúnacha a bhíonn ag a gcuid polasaithe, pleananna agus gníomhaíochtaí

Tá ceanncheathrú Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i gCathair Phort Láirge.



Cruinnithe agus Ballraíocht an Tionóil

Is gnách go mbíonn cruinniú ag an Tionól Réigiúnach gach dara Aoine gach dara mí i rith na bliana ag Ceanncheathrú an Tionóil. Bhí ocht gcruinniú ag an Tionól i rith na bliana. 70% an meántinreamh a bhí ar na cruinnithe.

Ainmíonn na hÚdaráis Áitiúla sa Réigiún ábhartha comhaltaí an Tionóil i gcomhréir le líon na ndaoine ón Údarás Áitiúil. Is mar seo a leanas a dhéantar miondealú air:

Co Co Cheatharlach	1	Co Chathair Luimnigh	1
Co Co an Chláir	2	Co Co Luimnigh	2
Co Chathair Chorcaí	2	Co Co na Mí	2
Co Co Chorcaí	4	Co Co Thiobraid Árann Thuaidh	1
Co Chathair BhÁC	7	Co Co Átha Cliath Theas	3
Co Co Dhún Laoghaire-Ráth an Dúna	2	Co Co Thiobraid Árann Theas	1
Co Co Fhine Gall	2	Co Co Chathair Phort Láirge	1
Co Co Chiarraí	2	Co Co Phort Láirge	1
Co Co Chill Dara	2	Co Co Loch Garman	2
Co Co Chill Chainnigh	1	Co Chill Mhantáin	2

Chun go n-ainmneofaí é níor mhór do dhuine a bheith ina chomhalta d'Údarás Áitiúil agus d'Údarás Réigiúnach. Tá daichead a haon comhalta ar fad ar an Tionól Réigiúnach. Is é seo a leanas an miondealú ar an Tionól ó thaobh na polaitíochta de:

Fine Gael		15
Fianna Fáil		14
Lucht Oibre		8
Sinn Féin		1
Comhaontas Glas		1
An Páirtí Daonlachach	1	
Neamhspleách	1	

Is é seo miondealú na gcomhaltaí tofa ó thaobh inscne de:

	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Baineannaigh	5	5	7	7	7	7	8	10	10	11
Fireannaigh	36	36	34	34	34	34	33	31	31	30
Iomlán	41	41	41	41	41	41	41	41	41	41

Ballraíocht an Tionóil 2008

An Comhairleoir Kavanagh (Cathaoirleach 2007-2008)	Conal	12 Springfield, Cill Mhantáin
An Comhairleoir Holloway (Cathaoirleach 2008-2009)	Jim	Farganstown, Boyne Road, An Uaimh, Co na Mí
An Comhairleoir Ahern	Maurice	281 Sea Park, Br. An Chósta, Mullach Íde, Co Bh Á C
An Comhairleoir Allen	Lorcan	Raheenagureen, Guaire, Co. Loch Garman
An Comhairleoir Ardagh	Maire	8 The Court, Cypress Downs, Teach Mealóg, BÁC 6W
An Comhairleoir Bermingham	Brian	12 Woodbrook Grove, Baile an Easpaig, Corcaigh
An Comhairleoir Brophy	Colm	79 Ceide Sliabh Rua, Stigh Lorgan, Co. Bh Á C
An Comhairleoir Breathnach	Tomas	Forge Road, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co Chill Choinnigh
An Comhairleoir Burke	Christy	11 Cherrymount Cresent, Br. Mhullach Íde, Bh Á C 3
An Comhairleoir Byrne	Clare	30 Bulfin Road, Inse Chór, BÁC 8
An Comhairleoir Byrne	Maria	"Mannixville", Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
An Comhairleoir Cahill	Michael	Rossbeigh, Gleann Béithe, Co. Chiarraí
An Comhairleoir Carter	Anne	8 Elton Drive, Ard-na-Greine, Br. Mhullach Íde, BÁC 13
An Comhairleoir Considine	Peter	Dromadrehid, Inis, Co an Chláir
An Comhairleoir Creed	Michael	Codrum, Máigh Cromtha, Co. Chorcaí
An Comhairleoir Creighton	Eddie	9 St Josephs Tce, An tÓspidéal, Co Luimnigh
An Comhairleoir Devitt	Anne	Lispopple, Sórd, Co. Bh Á C
An Comhairleoir Enright	Leonard	Ballyanrahan, Tobar Phádraig, Co Luimnigh
An Comhairleoir Fleming	Dan	Dawstown, An Bhlarna, Co Chorcaí
An Comhairleoir Freehill	Mary	77 Grove Road, Rath Maoinais, Baile Átha Cliath 6
An Comhairleoir Geoghegan	Damien	64 Silversprings, Dún Garbháin, Co Phort Láirge
An Comhairleoir Hand	Pat	25 Chestnut Grove, Baile an tSaoir BÁC 16
An Comhairleoir Hendy	Rainsford	Woodlawn, Timolin, Ballintore, Baile Átha Í, Co. Chill Dara
An Comhairleoir Howlin	Ted	Rocklands, Loch Garman
An Comhairleoir Keane	Cait	26 Rushbrook Court, Teach Mealóg, BÁC 6W
An Comhairleoir Kelly	Paul	'Rye Cottage', 99 Príomhshráid, Léim an Bhradáin, Co Chill Dara
An Comhairleoir Kinsella	Thomas	Kilcumney, An Droichead Nua, Co Chill Choinnigh
An Comhairleoir Lacey	Dermot	66 Beechill Drive, Domhnach Broc, BÁC 4
An Comhairleoir Lafferty	Martin	Ballyinsheen, Br. Na Gaillimhe, Lios Dúin Bhearna, Co an Chláir
An Comhairleoir Laing	Stanley	86 Templeville Road, Tír an Iúir, BÁC 6W
An Comhairleoir Lombard	Tim	Granig, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí
An Comhairleoir Maguire	Michael	Lattin, Tiobraid Árann
An Comhairleoir Maher	Bronwen	Uimh 1 The Bamblings, Cill Easra, BÁC 5
An Comhairleoir McCarthy	Lettie	23 Kilgobbin Heights, An Chéim, Co Bh Á C
An Comhairleoir Mulvihill	John	Tay Road, An Cóbh, Co Chorcaí
An Comhairleoir Murphy	Kevin	Wints Mills, Kill Anna, Cionn tSáile, Co Chorcaí
An Comhairleoir	Paul	Clochán Mhac Cuinn, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí

O'Donoghue		
An Comhairleoir O'Donovan	Michael	70 Delwood Drive, Caisleán Cnucha, BÁC 15
An Comhairleoir O'Driscoll	Tom	95 Fr Dominic Road, Baile Féitheán, Corcaigh
An Comhairleoir O'Halloran	Mary	3 Ceide Avondale, Port Láirge
An Comhairleoir Richardson	Margaret	51 Edgewood Lawn, Baile Bhlainséir, BÁC 15
An Comhairleoir Ryan	Mattie	Coolecarra, Cill Chuimín, Co Thriobaid Árann
An Comhairleoir Ryan	John	'Huntingdon', 13 Ardmore Lawn, Bré, Co. Chill Mhantáin

COMHALTAÍ A d'ÉIRIGH AS
I rith na bliana d'éirigh An Comhairleoir Michael O'Donovan agus An Comhairleoir Stanley Laing as an Tionól.

Comhaltaí agus Foireann an Tionóil Réigiúnaigh, Cruinniú Bliantúil ar an 11ú Iúil 2008

Cruinnithe agus Comhaltaí na bhFochoistí

Cuireadh fochoistí ar bun toisc go gcaithfear fóram a chur ar fáil ina bhféadfar saincheisteanna ábhartha a phlé go mion agus chun deis níos fearr a thabhairt do chomhaltaí tofa, d'ionadaithe ó údaráis réigiúnacha agus d'eagraíochtaí poiblí i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir cur leis an bplé. Bíonn Comhalta den Tionól mar chathaoirleach ar na Coistí agus tá air nó uirthi seo tuairiscí ar obair an Choiste a thabhairt don Tionól.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an fhochoiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh an Chlár Oibriúcháin agus moltaí a dhéanamh a thagann as an athbhreithniú seo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh fochláir éagsúla a ghabhann le Clár Oibriúcháin Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus moltaí a dhéanamh a thagann as an athbhreithniú seo.
- Tuairiscí a fháil ar thorthaí a bhíonn ag Coiste Monatóireachta an Chlár Oibriúcháin ón gComhalta den Tionól agus ón mbreathnadóir a dheineann ionadaíocht ar Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ar an gCoiste Monatóireachta.
- Comhairle a chur ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus é a chur ar an eolas maidir le ceisteanna leithne (ceisteanna fochláir).
- Iarraidh ar ionadaithe ó Ranna Rialtais ábhartha agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais ábhartha freastal ar chruinnithe an fhochoiste agus aithisc a thabhairt iontu.

Cuirtear cruinnithe Fochoistí an Tionóil Réigiúnaigh ar siúl de ghnáth ar an dara Aoine gach dara mí ar fud na bliana i gCeanncheathrú an Tionóil. Bhí cúig cruinnithe ag gach fochoiste le linn 2008. Ba é 51% an meánráta tinrimh ag cruinnithe na bhfochoistí.

Páipéir Bheartais:

Le linn na bliana 2008 chuir an Fochoiste um Fhiontar agus Infheistiú Tháirgiúil páipéar beartais um Nuálaíocht dar Teideal "Dúshláin na Nuálaíochta atá roimh Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide" ("*Innovation Challenges for SME's*") i láthair. Sa pháipéar seo cuireadh béim ar roinnt moltaí lárnacha maidir le nuálaíocht a spreagadh ar bhonn réigiúnda. Cuireadh an páipéar beartais seo i láthair do chomhaltaí an Tionóil ag an gcruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus d'fhaomhadar ansin é. Cuirfear faoi bhráid an Aire é ag an gComhdháil Bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Is é seo a leanas Ballraíocht cheithre fhochoiste an Tionóil:

Fiontraíocht agus Infheistíocht Táirgiúil			
Ahern	Maurice	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Ardagh	Maire	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Byrne	Maria	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Cahill	Michael	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Considine	Peter	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Davitt	Anne	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Geoghegan	Damien	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Holloway	Jim	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Kavanagh	Conal	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Keane	Cait	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Lombard	Tim	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Ryan	John	An Comhairleoir – Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach
Buck	Patrick	A/POF	Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt
Cusack	Eamonn	POF	Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne
Dowling	Tom	Bainisteoir Ceaptha	Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir
Kearney	William		Bord Gáis
Loughnane	Olivia	Stiúrthóir T,F agus C	Forbairt na Sionainne
Mc Gurdy	A		Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir
O'Rourke	H	Bainisteoir	Fiontar Éireann
Magee	Frank	POF	Turasóireacht Bhaile Átha Cliath
Buckley	Fiona		Údarás Turasóireachta an Iardheiscirt
Hanrahan	Bernard	Cathaoirleach	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
O'Sullivan	John	Bainisteoir	Coillte
Potter	Patricia	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Gavin	Joe	S/Bainisteoir	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Crotty	Sharon	Feidhmeannach Clár	Tionól Réigiúnach – Rúnaíocht

Fostaíocht agus Cuimsiú Sóisialta			
Burke	Christy	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Byrne	Clare	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Carter	Anne	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Freehill	Mary	Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach
Howlin	Ted	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Maher	Bronwen	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Mulvihill	John	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
O'Driscoll	Tom	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
O'Halloran	Mary	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Richardson	Margaret	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Byrne	John	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir
Conway	Con	Bainisteoir	An Post
			FSS – Réigiún an Iarthair
			FSS – Réigiún an Oirthir
			FSS – Réigiún an Oir-dheiscirt
			FSS – Réigiún an Oir-thuaiscirt
Coughlan	Jim	Stiúrthóir Réigiúnach	FÁS
Fleming	Alec	Bainisteoir Ceaptha	Údarás Réig. An Iarthair Láir
Corr	J	Cathaoirleach	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Maurus	Sonja	Feidhmeannach Clár	Tionól Réigiúnach – Rúnaíocht

Pleanáil agus Bonneagar

Bermingham	Brian	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Brophy	Colm	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Enright	Leonard	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Hand	Pat	Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach
Kelly	Paul	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Lacey	Dermot	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Lafferty	Martin	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
McCarthy	Lettie	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
O'Donoghue	Paul	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Byrne	Tom	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
Horan	Joe	S/Bainisteoir	Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Connellan	Enda	POF	Cuideachta Chuan Bhaile Átha Cliath
Egan	Michael		Údarás na mBóithre Náisiúnta
Finn	Tom	Bainisteoir	CIE
Murphy	James	Bainisteoir	BSL
Keating	Brendan	POF	Cuideachta Phort Chorcaí
Conneally	Liam	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
Loughnane	Olivia	Stiúrthóir T, F & C	Forbairt na Sionainne
Doyle	Martin	Bainisteoir	Fiontar Éireann
McIlvenny	Stan	POF	Port Phort Láirge
Walsh	Michael	Bainisteoir Cathrach	Comhairle Chathair Phort Láirge
Palmer	Joe	POF	Fáilte Éireann
	J. An		
Reilly	Comhairleoir	Cathaoirleach	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
Brennan	Derville	Feidhmeannach Clár	Tionól Réigiúnach – Rúnaíocht

Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe

Allen	Lorcan	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Breathnach	Tomas	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Creighton	Eddie	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Fleming	Dan	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Hendy	Rainsford	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Kinsella	Thomas	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Maguire	Michael	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Murphy	Kevin	Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach
Murray	Seamus	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
Ryan	Mattie	An Comhairleoir	Tionól Réigiúnach
		Folamh	Údarás Turasóireachta Réigiúnach Lár na Tíre Thoir
Malone	Michael	Bainisteoir Ceaptha	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
Campion	Suzanne	POF	Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt
Hurley	Sean	POF	FSS – Réig. an Deiscirt
McAleer	John	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Byrne	Kieran	Bainisteoir	An Príomh-Bhord Iascaigh
O'Hanlon	Kieran	POF	Calafoirt na Sionainne
Power	Tom.		Teagasc
	M. An		
Fitzgerald	Comhairleoir	Cathaoirleach	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
Dunphy	Vincent	Feidhmeannach Clár	Tionól Réigiúnach – Rúnaíocht

Cruinnithe agus Ballraíocht Choiste Mhonatóireachta an Chláir Oibríochta Réigiúnaigh de chuid an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006 agus 2007-2013

Ba ghá le Coiste Monatóireachta a bheith ag gach ceann de na Cláir Oibríochta a chuimsíodh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Is é an ról ginearálta atá ag an gCoiste Monatóireachta ná é féin a shásamh maidir le héifeachtúlacht agus caighdeán gach caiteachais a chuirtear i ngníomh faoin gClár Oibríochta Réigiúnach. Is faoin gCoiste Monatóireachta dul chun cinn agus tionchar an chaiteachais a ndeintear comh-mhaoiniú air, nó a mhalairt, a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir leo do Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, don Roinn Forfheidhmithe lena mbaineann agus don Roinn Airgeadais.

Níor tionóladh aon chruinnithe de Choiste Monatóireachta an Chláir 2000-2006 le linn 2008. Comhaontaíodh gach tuarascáil trí nós imeachta i scríbhinn. Tá i gceist, áfach, cruinniú amháin de Choiste Monatóireachta an Chláir 2000-2006 a thionól ar a laghad, chun críoch a chur leis an gClár go foirmiúil.

Tionóltar Coiste Monatóireachta an Chláir 2007-2013 uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bliana roimhe. Tháinig an Coiste le chéile an tarna uair ar an 29ú Aibreán 2008.

Soláthraíonn an Tionól Réigiúnach an Cathaoirleach agus an Rúnaíocht do na Coistí Monatóireachta de na Cláir Oibríochta Réigiúnacha de chuid an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006 agus 2007-2013. Ba í seo a leanas ballraíocht na gCoistí Monatóireachta do na Cláir Oibríochta Réigiúnacha de chuid an Deiscirt agus an Oirthir:

Ballraíocht an Choiste Mhonatóireachta den Chlár Oibriúcháin Réigiúnach 2000-2006

Údarás Bainistíochta

Mr Stephen Blair, Chair	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Peter Considine	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Mary Freehill	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Stanley Laing	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Lettie McCarthy	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir John Ryan	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Rainsford Hendy, Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

Ranna agus Comhlachtaí Feidhmiúcháin

Mr Jimmy Doyle	An Roinn Airgeadais
Mr Pat Casey	An Roinn Airgeadais
Mr Michael Cronin	An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Mr Gordan Gaffney	Fáilte Éireann
Ms Nuala Rossi	An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha
Mr Michael Conroy	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Mr Paul Doyle	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Mr Fergus Clarke	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Ms Vincent Coyne	An Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil
Mr Tony Flynn	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Ms Christina O'Connor	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Mr Liam Keogh	An Roinn Iompair
Mr. Gerry O'Regan	An Roinn Sláinte agus Leanaí

Údaráis Réigiúnacha

An Comhairleoir Jim Corr	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
An Comhairleoir Bernard Hanrahan	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
An Comhairleoir Pat Hand	Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
An Comhairleoir Michael Fitzgerald	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
An Comhairleoir Tom Reilly	Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir

Comhpháirtithe Sóisialta

Mr John Farrell	Cónaidhm Ghnólachtaí & Fhostóirí na hÉireann (Oirdheiscirt)
Mr Richard Hammond	Aontas na Mac Léinn
Mr Mike Jennings	Rúnaí Réigiúnach SIPTU
Mr Donal Kelly	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Ms Anne Kirwin	Cumann Soláthraithe Bainne na hÉireann
Mr David Bourke	Cumainn Tráchtála na hÉireann
Mr Davin Roche	Comharchumann na nOibrithe Pobail

Leasanna Cothrománacha

Mr Cathal Kelly	An tÚdarás um Chomhionannas
Mr Billy Murphy	COMHAR
Ms Liz Sullivan	An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
Mr. Ian Keating	Coiste Comhordaithe an Chomhshaoil
Ms. Ann-Marie Stephens	Coiste Comhordaithe um Fhorbairt na Tuaithe

Comhoibriú Thuaidh Theas

Ms Nuala Kerr	Foras um Chláir Speisialta an AE

Faireoirí/Comhairleoirí

Mr Brian Carroll	Aonad Measúnaithe an CTP
Ms Julia Long	Aonad Comhionannas Inscne an PFN
Ms Valerie Robinson	Aonad Eolais an PFN/CTP
Mr John Byrne	Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir
Mr Tom Byrne	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Mr Tom Kirby	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
Mr John McAleer	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Ms Patricia Potter	Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Mr. Noel Farrell	An Coimisiún Eorpach, AS Réig.
Mr. Alain Roggeri	An Coimisiún Eorpach, AS Réig.
Mr Anthony Lancaster	An Coimisiún Eorpach, AS Iasc.
Ms. Francis White	An Coimisiún Eorpach, AS Talmh.
Mr Eoin O'Sheaghdha	An Coimisiún Eorpach, AS Fost.

Ballraíocht an Choiste Mhonatóireachta ar an gClár Oibriúcháin Réigiúnach 2007-2013

Údarás Bainistíochta	**Líon na bpostanna**
Mr Stephen Blair, Stiúrthóir	Cathaoir
Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt	1
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt	5
Ranna/Comhlachtaí Feidhmiúcháin	
An Roinn Airgeadais	2
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	2
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	2
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	4
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	3
An Roinn Ealaíon, Spoirt agus Turasóireachta	1
An Roinn Iompair	1
Iarnrod Éireann	1
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	1
Leasanna Réigiúnacha	
Cathaoirleach, Údarás Réigiúnach an Iadheiscirt	1
Cathaoirleach, Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir	1
Cathaoirleach, Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	1
Cathaoirleach, Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt	1
Cathaoirleach, Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir	1
Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae	1
Comhpháirtithe Sóisialta	
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann	2
Comhdháil na gCeardchumann	1
An Ceardchumann Seirbhísí Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil	1
Cumann na bhFeirmeoirí Ba agus Caorach	1
Comhlachas na gComharchumann in Éirinn	1
Macra na Feirme	1
Cumann Soláthraithe Bainne na hÉireann	1
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann	1
Leasanna Cothrománacha	
Beartas Comhshaoil : An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	1
Comhionannas agus Comhionannas Inscne: An Roinn Cirt agus Dlí, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	1
An Oifig um Chuimsiú Sóisialta	1
Comhoibriú Thuaidh Theas	
An Foras um Chláir Speisialta an AE	1
Breathnadóirí/Comhalrleoirí	
An Coimisiún Eorpach, AS Réig	3
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir	1
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach an Iadheiscirt	1
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir	1
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach an Iadheiscirt	1
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	1
Údarás Deimhniúcháin CFRE, An Roinn Airgeadais	1
Aonad Eolais PFN Creat Tacaíochta an Chomhphobail	1
Fiontar Éireann	2
An tÚdarás Ardoideachais	1
Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann	3
An tÚdarás Comhionannais	1
An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta	1
Comhar	1
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	1

Ionadaíocht Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ar Choistí

Coiste Monatóireachta ar Chlár Oibríochta Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir
An Comhairleoir Peter Considine, An Comhairleoir Mary Freehill, An Comhairleoir Stanley Laing, An Comhairleoir Lettie McCarthy, An Comhairleoir John Ryan.

Coiste Monatóireachta an PFN/Creat Tacaíochta an Chomhphobail
An Comhairleoir Pat Hand

Coiste Monatóireachta an Chlár Oibriúcháin O i leith Infrastruchtúr Sóisialta agus Eacnamaíochta
Folamh

Coiste Monatóireachta an CO i leith Infheistíocht Táirgiúil
An Comhairleoir James Holloway

Coiste Monatóireachta an CO i leith Fhostaíocht agus Daonacmhainí
An Comhairleoir Damien Geoghegan

Coiste Monatóireachta an CO i leith Chúnamh Teicniúil
Mr. Stephen Blair, Stiúrthóir

Coistí Monatóireachta i leith Plean Forbartha Tuaithe CAP
An Comhairleoir Rainsford Hendy

Coiste Comhordaithe um Chuimsiú Sóisialta agus Comhionannais
An Comhairleoir Dermot Lacey

Coiste Comhordaithe Comhshaoil
An Comhairleoir Lettie McCarthy

Coiste Comhordaithe um Fhorbairt Tuaithe
An Comhairleoir Tomas Breathnach

Coiste Comhordaithe Náisiúnta Cúraim Leanaí
An Comhairleoir Anne Carter

Coiste Monatóireachta ar Chlár Interreg IIIA na hÉireann-na Breataine Bige
An Comhairleoir Pat Hand, An Comhairleoir Ted Howlin, An Comhairleoir Conal Kavanagh, Mr. Stephen Blair, Stiúrthóir

Coiste Monatóireachta ar Chlár na hÉireann-na Breataine Bige um Chomhar idir Chríocha
Mr. Stephen Blair, Stiúrthóir, Comhchathaoir; Mr. David Kelly, Assistant Stiúrthóir; An Comhairleoir Pat Hand; An Comhairleoir Ted Howlin; An Comhairleoir Conal Kavanagh

Coiste Stiúrtha Chlár Interreg IIIA na hÉireann-na Breataine Bige
Ms. Dolores Keating, Feidhmeannach Cláir

Coistí Monatóireachta agus Stiúrtha an Chláir Interreg IIIB d'Iarthuaisceart na hEorpa
Mr. David Kelly, Stiúrthóir Cúnta

Coistí Monatóireachta agus Stiúrtha an Chláir Interreg IIIC don Limistéar Thiar
Mr. Stephen Blair, Stiúrthóir

Coiste Monatóireachta LEADER+
Mr. David Kelly, Stiúrthóir Cúnta

FOIREANN
Tionól Réigiúnach

David Kelly
Stiúrthóir Cúnta

Derville Brennan
Feidhmeannach Cláir

Sonja Maurus
Feidhmeannach Cláir

Sharon Uí Chrotaigh
Feidhmeannach Cláir

Vincent Dunphy
Feidhmeannach Cláir

Michael Buckley
Iniúchóir

Antoinette Jordan
Oifigeach Caidrimh Chláir

Orla Kelly
Oifigeach Foirne

Karen Coughlan
Oifigeach Foirne Cúnta

FOIREANN
Tionól Réigiúnach

Eve Hayden
Oifigeach Foirne Cúnta

Breda White
Oifigeach Cléireachais

Oonagh Hearne
Oifigeach Cléireachais

Yvonne Cooney
Oifigeach Cléireachais

Siobhan Curran
Oifigeach Cléireachais

FOIREANN
Comhrúnaíocht Theicniúil na hÉireann-na Breataine Bige

Simon Baily
Ceann Aonaid

Cathal Reilly
Oifigeach Airgeadais Sinsearach

Siobhán Rudden
Oifigeach Forbartha

Rita McGarvey
Oifigeach Tionscadail

Therese Curran
Oifigeach Tionscadail

Breda Curran
Oifigeach Tionscadail

Edel Hunt
Oifigeach Cléireachais

Caitriona Phelan
Oifigeach Cléireachais

Tuarascáil ar Dhul chun cinn an Chláir Oibriúcháin Réigiúnaigh 2007-2013

Forbhreathnú ar chur i ngníomh

Ba é cur i ngníomh Clár Oibriúcháin Réigiúnach 2007-2013 an Deiscirt agus an Oirthir a bhí á chomh-mhaoiniú ag CFRE príomhchúram an Údaráis Bhainistíochta le linn 2008. Mar obair atá ghaolmhar don méid seo agus chun cur i ngníomh an Chlár Oibriúcháin a éascú bhí na hÚdaráis Bainistíochta ag obair as láimh a chéile leis an Roinn Airgeadais chun Imlitreacha Airgeadais a cheapadh maidir le Bainistiú Airgeadais, Incháilitheacht agus maidir le comhlíonadh na riachtanas Eolais agus Poiblíochta. D'ullmhaíodh comhlíonadh na gCóras agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é faoin spriodháta a bhí ar an 16 Deireadh Fómhair 2008.

Go dtí seo tá caiteachas iomlán **€151.121m** tuairiscithe don gCoiste Monatóireachta ag na Comhlachtaí idirmheánacha atá freagrach as seachadadh na dtéamaí.

Tosaíocht 1: Tosaíocht na Nuálaíochta agus Eacnamaíochta an Eolais

Réamheolas

Is é cuspóir ghinearálta na Tosaíochta seo, ar aon dul le cuspóirí Clár Oibre Liospóin, ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonn an eolais, T&F, na nuálaíochta agus ar bhonn nuálaíocht na fiontraíochta in eacnamaíocht an Réigiúin agus tacú le comhoibriú agus le haistriú teicneolaíochta idir institiúidí taighde agus an earnáil ghnó chun fás agus cumas iomaíochta an Réigiúin a threisiú. Tuairiscítear caiteachas carnach **€125.117 milliún** go deireadh Mhí na Nollag 2008

Tá an Tosaíocht seo roinnte ina trí téamaí ar leith bíodh is go bhfuil gaol eatarthu, mar seo a leanas:

1. Forbairt ar chumas an Réigiúin i dtaobh Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht
2. Fiontraíocht sa Mhicrífhiontar
3. Gníomhartha Nuálacha trialacha

Léiríonn rogha na dtéamaí cad é chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar chumas taighde, forbartha agus nuálaíochta an Réigiúin mar phríomhuirlisí chun cuspóirí eacnamaíocht an eolais a bhaint amach agus chun scileanna fiontraíochta gnólachtaí beaga a fheabhsú.

Ar an iomlán tá caiteachas 25.68% bainte amach ag Tosaíocht 1 (Nuálaíoht agus Eacnamaíocht an Eolais) den méid a bhfuil foráil buiséid déanta dó sna táblaí airgeadais i leith na tréimhse 2007-2013 agus tá 121% den gcaiteachas réamh-mheasta i leith na tréimhse '07-'08 bainte amach aici. Tá dul chun cinn difriúil déanta ag gach ceann de na trí téamaí i gcomórtas lena gcaiteachas bliantúil réamh-mheasta sna Táblaí Airgeadais.

Téama 1: Forbairt ar Chumas Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Réigiúin

Tá cheithre fothéamaí i dTéama 1:

- *Fothéama 1: Feabhsú Taighde Fheidhmigh*

Suas go Mí na Nollag 2008 bronnadh maoiniú ar 9 gcinn d'Ionaid Taighde Fheidhmigh agus ar chomh-Ionad a bhfuil dhá shuíomh aige i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Tugadh maoiniú do na hIonaid seo faoi Chlár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla 2000-2006. I 2008 dhein Fiontar Éireann athstruchtúrú ar Chlár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla. Leathnaíodh an clár ina thrí céimeanna: CEANNRÓDAÍ, TÚS IONAID NUA agus FEABHSÚ TAIGHDE FEIDHMIGH+. Déantar glaonna oscailte maidir le céimeanna an Cheannródaí agus an Tús Ionaid Nua ach tá FEABHSÚ TAIGHDE FEIDHMIGH+ oscailte d'Ionaid FEABHSÚ TAIGHDE FEIDHMIGH atá ann cheana amháin. Cé gur faomhadh tionscadail i 2007 agus i 2008 faoin dtéama seo níor tuairiscíodh aon chaiteachas tabhaithe toisc gur tuairiscíodh caiteachas i leith na ngíomhaíochtaí thuas faoi Chlár Oibriúcháin na

hEarnála Táirgiúla 2000-2006 de bharr gur leathnaíodh an clár go dtí an 30 Meitheamh 2009. Tá sé seo ag teacht leis na réamh-mheastacháin bhliantúla a fuarthas.

- *Fothéama 2: Ciste Tráchtálaithe*
  I 2008, faomhadh 38 tionscadail faoin gCiste Tráchtálaithe. Cé gur tugadh faomhadh do thionscadail i 2007 agus 2008 faoin téama seo níor tuairiscíodh aon chaiteachas tabhaithe toisc gur tuairiscíodh caiteachas i leith na ngníomhaíochtaí thuas faoi Chlár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla 2000-2006 de bhar gur leathnaíodh an clár go dti an 30ú Meitheamh 2009. Tá sé seo ag teacht leis na réamh-mheastacháin bhliantúla a fuarthas.

- *Fothéama 3: Forbairt Gorlann Ghnó*
  Suas chuig an 31ú Nollaig cuireadh 9 gcinn de Ghorlanna Gnó ar bun a bhfuil 114 cuideachtaí iontu. Tugadh maoiniú don 9 n-ionaid seo faoi Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006. Tuairiscíodh caiteachas ar bith maidir leis an tréimhse chláir 2000-2006 faoin gclár 2000-2006. Níor tuairiscíodh aon chaiteachas inchálithe sa tréimhse chláir 2007-2013 go Mí na Nollag 2008. Tá sé seo ag teacht leis na réamh-mheastacháin bhliantúla a fuarthas agus tá an scéal amhlaidh toisc nár thug Fiontar Éireann aon mhaoiniú do thionscadal faofa nua sa gClár Gorlainne Gnó i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir i 2008.

- *Fothéama 4: Cumas agus Inniúlacht Taighde a chothú sna hInstitiúidí Ardoideachais*
  Tugadh faomhadh do Thimthriall 4 (2007-2010) an Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéil i Mí Lúnasa 2007 agus chuir institiúidí tús le cistí a tharraingt i 2008. Tá an maoiniú leata ar fud 12 institiúid i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. €109 milliún an méid iomlán a leithdháileadh ón státchiste agus faomhadh €100 milliún éigin de do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Réamh-mheasadh €77.2 milliún de chaiteachas poiblí incháilithe i gcomhair 2007 agus 2008. Faoi dheireadh 2008 bhí timpeall €96 milliún caite. Is ionann sin agus 124% den méid a réamh-mheasadh i leith na tréimhse. Clár 5 bliana a bheidh i dTimthriall 5. Leanfaidh sé ó 2010 go 2014 agus lainseálfar i 2009 é. Buiséad €300 milliún atá aige as a gcuirfear €200 milliún ar fáil i gcomhair fhorbairt caipitil agus €100 milliún i gcomhair costas athfhillteach.

Téama 2: Fiontraíocht sa Mhicrífhiontar
Thosnaigh tréimhse oibriúcháin d'fhothéama an Mhicrífhiontair le héifeacht ón 1ú Eanáir 2007. Agus é a bheith i mbun oibríochta le 2 bhliain anuas tá an téama faoi lán tseol agus taispeánann torthaí an táscaire feidhmíochta go dtí an 31ú Nollaig 2008 gur baineadh idir 52% agus 83% amach maidir le cuspóirí deiridh ar leith.
Réamh-mheasadh €26.23 milliún de chaiteachas poiblí incháilithe i leith 2007 agus 2008. Tá an caiteachas seo a thuairiscítear 11% níos airde ná an méid a réamh-mheasadh. I gcomórtas leis an bPlean Airgeadais lenar glacadh i gcomhair Tosaíochta 1 is 10% den gciste iomlán a leithdháileadh don Tosaíocht é an caiteachas a thuairiscítear ag an téama seo.

Téama 3: Gníomhartha Nuálaíochta Trialacha
Níl tús curtha le Téama 3 go fóill toisc nach bhfuil aon mhaoiniú ón Státchiste curtha ar fáil go dtí seo.

Tosaíocht 2: Comhshaol agus Inrochtaineacht

Réamheolas
"Tá gá nach beag le hinfheistíocht ag an réigiún chun é féin a réiteach ar dtús i dtreo gur féidir leis cumas iomaíochta a bhaint amach." Is í príomhchuspóir na Tosaíochta seo ná cur le forbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe trí uisce ar bharr an tailimh agus screamhuisce a chosaint ar thruailiú. Cuirtear maoiniú ar fáil faoin dTosaíocht seo chun éifeachtacht fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh inathnuaite a spreagadh mar aon le forbairt córas éifeachtach chun fuinneamh a bhainistiú. Tá i gceist le Téama an Fhuinnimh inathnuaite cabhrú le hÉirinn na modhanna is éifeachtaí a cheapadh agus a chur i ngníomh chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmharaithe a laghdú. Is

ceann de phríomhchuspóirí na tosaíochta gúsáid leathanbhanda a mhéadú ar fud an réigiúin chun cur le forbairt inbhuanaithe an Réigiúin.
Saothrófar cuspóirí na tosaíochta faoi thrí cinn de Théamaí ar leith mar seo a leanas:

- An Comhshaol agus Cosc Priacail
- Fuinneamh Inathnuaite
- Inrochtaineacht TFC

I gcaitheamh 2008 thuairiscíodh caiteachas i ndáil le fothéamaí i dTéamaí an Fhuinnimh inathnuaite agus na hInrochtaineachta TFC. Lainseáladh an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda i Mí Eanáir 2009; beidh teacht ar leathanbhanda ag leath den limistéar atá le cumasú ag an Scéim faoi dheireadh 2009. Táthar chun 53% nó mar sin de thoghcheantair Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a chlúdach. Maidir le Téama an Chomhshaoil agus Cosc Priacail, téama a bhaineann le cosaint foinse uisce agus tionscnaimh uisce fuílll i mbailte mar chlár píolótach. Cuirfear tús leis an obair seo a luaithe a bheidh an dá thionscadal píolótacha críochnaithe agus measúnú déanta orthu.
€17.285m a tuairiscítear mar chaiteachas carnach ar leibhéal na Tosaíochta go deireadh Mí na Nollag 2008. Is ionann sin agus 6.21% den gcaiteachas ar Leibhéal na Tosaíochta.

Téama 1: An Comhshaol agus Cosc Priacail
Níor tuairiscíodh aon chaiteachas faoin dTéama seo i 2008. Cuir an Roinn scéim chosanta phíolótach d'fhoinsí uisce i ngíomh i gcomhar le Cónaidhm Náisiúnta na Scéimeanna Grúpa Uisce d'fhonn straitéis náisiúnta chun foinsí uisce ar bharr an tailimh agus foinsí screamhuisce a chosaint ar thruailliú ón talmhaíocht agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála/tionscail agus cónaithe. Tá an clár píolótach á chomhordú trí Roinn na hEolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgáin. Críochnaíodh na Tionscadail Coireála Uisce Fuílll a bhí á gcur chun cinn ag an Roinn, ag an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta Uisce Tuaithe agus ag na hÚdaráis Áitiúla i 2007. Is é is cuspóir don tionscadal ná modhanna bailithe uisce fuílll agus córais cóireála do bhailte beaga tuaithe a mheas atá éifeachtach ó thaobh costais de, agus tástáil a dhéanamh ar roinnt teicneolaíochtaí nuálaíocha chun uisce fuílll tís a bhailiú agus a chóireáil agus gnáthghléasanna cóireála agus gléasanna cóireála scannán-bunaithe pacáiste a chur san áireamh chomh maith le séaraigh folúis seachas na seanchórais imtharraingthe nó caidéil. Meastar go mbeifear i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla níos déanaí sa bhliain seo chun scéimeanna a chuirfear san áireamh san idirghabháil seo a aithint agus a roghnú i leith an dá fhothéama seo.

Téama 2: Fuinneamh Inathnuaite
€9.564 milliún an caiteachas carnach incháilithe a tuairiscítear i ndáil le Téama an Fhuinnimh Inathnuaite. Is ionann sin agus **7.33%** den méid a réamh-mheasadh. Tá tús curtha le cur i ngníomh an Chláir um Fuinneamh Inathnuaite, Taighde, Forbairt agus Úsáid, an Chláir *CHP & ReHeat* (Bith-theas) agus an Chláir um Fuinneamh do Ghnó. Tá an tAonad um Forbairt Fuinnimh ón Aigéan (*Ocean Energy Development Unit*) curtha ar bun chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i ngníomh forbairt Fuinneamh Aigéin (Tonn agus Taoide) a bhrostú in Éirinn. Cuireadh ar bun é chun teicneolaíochtaí chun fuinneamh ón Aigéan a úsáid a chur chun cinn in Éirinn trí chumas taighde agus forbartha a mhéadú in institiúidí acadúla agus in aonáin tráchtála araon atá ag forbairt feistí in Éirinn. Chuir sainchúram *Sustainable Energy Ireland* atá ag dul i méid ar a chumas na heagraíochta seo forbairt agus seachadadh roinnt tionscnamh lárnach a mhúnlú, anuas ar na cinn a rabhamar ag súil leo ag tosach an Chreata Náisiúnta Straitéisigh Thagartha, mar shampla gur cuireadh sraith um Forbairt Fuinnimh ón Aigéan san áireamh.

Téama 3: Inrochtaineacht TFC
€7.72 milliún an caiteachas carnach a bhí ag Téama na hInrochtaineachta TFC, is ionann sin agus **6.49%** den réamh-mheastachán. Tá tús curtha le cur i ngníomh na Scéime Náisiúnta Leathanbhanda. Tar éis próiseas soláthair a bhí neodrach ó thaobh teiceolaíochta de a chríochnú ar dtús dhein an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha conradh ar an 23ú Nollaig 2008 le Hutchinson 3G Ireland Ltd (atá ag déanamh gnó faoin ainm "3") chun an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda a chur i

ngníomh. Lainseáladh an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda i mí Eanáir 2009; beidh leath an limistéir atá le clúdach ag an Scéim cumasaithe faoi dheireadh 2009.
Cuirfear an Scéim Náisiúnta Leathabhanda i ngníomh de réir toghcheantair agus díreofar ar thoghcheantair (1,028) é a mheastar a bheith in éamais seirbhísí leathanbhanda cuí. Tá 47% de na toghcheantair atá lé clúdach faoin Scéim i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Beidh leath an limistéir a dtabharfaidh an Scéim faoi cumasaithe faoi dheireadh 2009 agus beidh nascacht leathanbhanda ag áitribh chónaithe agus ghnó laistigh de limistéar na Scéime faoi dheireadh 2010.

Tosaíocht 3: Tosaíocht um Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe

Réamheolas
Is é atá i gceist ag an Tosaíocht seo ná tarraingteacht na dTairseach agus na Mol ceaptha sa Réigiún a chur chun cinn mar ionaid chónaithe, oibre agus infheistíochta. Tá i gceist Tosaíochtaí 1 agus 2 a chomhlánú i dteannta le haon straitéis infheistíochta eile a thacaíonn le cur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta Spásúla. Is cuspóir lárnach í tacú le hiarrachtaí agus iad a chomhlánú chun a chinntiú go n-uasmhéadóidh bailte agus cathracha a n-acmhainn. Comhlánóidh an Tosaíocht seo go háirithe an infheistíocht mhór atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar thacaíocht do chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Spásúla do cheantair uirbeacha agus go háirithe don gCiste Nuálaíochta do Thairsigh.
Ní bhfuarthas aon tuairiscí ar dhul chun cinn maidir le fothéamaí na gClár seo: Athghiniúint Uirbeach, Ciste Caipiteal Ealaíon agus Caipiteal Spóirt. Fuarthas tuairiscí ar dhul chun cinn maidir le fothéamaí na gClár Iompar Poiblí agus Caipiteal Linn Snámha.
Maidir le hIompar Poiblí tuairiscítear gur deineadh roinnt oibre chun teorannacha luais a bhaint ag stáisiún Ghabhal Luimní. €4.879 milliún an caiteachas a tuairiscíodh i 2008, méid a thugann iomlán an chaiteachais faoin bhfothéama seo go **€8.469 milliún** go dtí seo. De thoradh éilimh ar acmhainní bhí moill le críoch ar chur ar an obair seo, áfach, agus tá i gceist go gcuirfear tús leis an chéad chéim eile i gcuíchóiriú Ghabhal Luimní go déanach i 2009 agus go mbeidh a dháta críochnaithe i ndeireadh 2010.
Maidir leis an gClár Caipiteal Linn Snámha tuairiscítear go raibh beartaithe babhta cistithe nua a lainseáil ach gur cuireadh ar athló é de dheasca tosca eacnamaíochta. Níltear ag súil le haon ghníomhaíocht go deireadh 2010 ar a luaithe.
D'fhógair an Rialtas sa bPFN 2007-2013 go gcuirfear **Ciste Nuálaíochta do Thairsigh** ar fáil mar idirghabháil straitéiseach sprice chun fás agus forbairt na 9 gcathracha agus bailte tairsigh a aithníodh faoin Straitéis Náisiúnta Spásúil 2002-2020 a spreagadh. Ceapadh an Ciste Nuálaíochta do Thairsigh chun oibriú le soláthair €300 milliún ón státchiste thar trí bliana ó 2008-2010 faoi bhainistiú na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ar an drochuair cuireadh Tionscnamh an Chiste Nuálaíochta do Thairsigh siar de dheasca gearradh siar ar an mbuiséad.

Tosaíocht 4: Cúnamh Teicniúil

Réamheolas
Is é príomhchuspóir na Tosaíochta ná tacú le bainistiú foriomlán, measúnú agus le monatóireacht an Chlár Oibriúcháin. Faoin Tosaíocht seo atá á seachadadh trí aon téama amháin, úsáidfear na cistí chun tacaíocht a thabhairt do réimsí ar nós ullmhú, bainistiú, monatóireacht, measúnú, eolas agus gníomhaíochtaí rialaithe an Chlár Oibriúcháin mar aon le gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin i gcomhair cur i ngníomh an chiste a threisiú.
Le linn na tréimhse 12 mhí ó Mhí Eanáir go Mí na Nollag 2008 lean an tÚdarás Bainistíochta air ag cur i ngníomh na socruithe riachtanacha chun go bhféadfadh sé a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gClár Oibriúcháin Réigiúnach. Lean na Tionóil Réigiúnacha agus a gCoistí Oibriúcháin san AE de bheith ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí, is é sin, caiteachas atá á mhaoiniú ag an AE a scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh air ina réigiúin féin agus ag tabhairt seirbhíse ar na Coistí Monatóireachta a bhfuil ionadaíocht acu orthu. Is é an caiteachas carnach go deireadh Mí na Nollag 2008 ná **€249,178.00**

Cláir atá á maoiniú ag an AE Comhar Trasteorainn, Trasnáisiúnta agus Comhar Idir-Réigiúnach

INTERREG IV 2007-2013 Cuspóir an Chomhair Idir Chríocha

Is é Beartas Comhtháthaithe an beartas atá ag tacú leis na mílte tionscadal ar fud na hEorpa atá ag fáil maoinithe ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa , ó Chiste Sóisialta na hEorpa (an dá Chiste Strúchtúrtha) agus ón gCiste Comhtháthaithe. Baineann Comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta faoi mar atá sainmhíniú tugtha orthu san Ionstraim Eorpach Aonair na bliana 1986, baineann sé le "laghdú éagothromaíochtaí idir na réigiúin éagsúla agus le laghdú cúlmhaireachta na réigiún is mídheisiúla".

Spreagann beartas comhtháthaithe réigiúin agus cathracha ó bhallstáit difriúla an AE chun obair as láimh a chéile agus chun nithe a fhoghlaim óna chéile de bharr comhchlár, chomhthionscnamh agus líonraí. Sa tréimhse 2007-2013 clúdaíonn cuspóir an Chomhair Idir Chríocha Eorpacha (dá ngairtí Tionscadal Comhphobail INTERREG roimhe seo) trí saghsanna clár:

- **INTERREG IV A – Cláir Chomhair Thrasteorann**
  52 cheann de chláir chomhair thrasteorann feadh treorannacha inmheánacha an AE. Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €5.6 billiún

- **INTERREG IV B – Cláir Chomhair Trasnáisiúnta**
  13 cinn de chláir chomhair thrasnáisiúnta a chlúdaíonn limistéirí níos mó ar nós réigiúin Mhuir Bhailt, na nAlp agus na Meánmhara agus Iarthuaisceart na hEorpa.
  Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €1.8 billiún

- **INTERREG IV C – Clár Chomhair Idir-réigiúnaigh**
  Clúdaíonn an clár comhair idir-réigiúnaigh (INTERREG IVC) agus 3 cinn de chláir líonraithe (Urbact II, Interact II agus ESPON) 27 ballstát an AE ar fad. Tugann siad creat chun taithí a mhalartú idir eagraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla i dtíortha difriúla.
  Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €445 milliún

Maoiníonn Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa an chuspóir um Chomhar idir Chríocha na hEorpa agus tacaíonn le cláir chomhair thrasteorann, thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha. Is ionann buiséad €8.7 billiúin na cuspóra seo agus 2.5% de leithdháileadh iomlán don mbeartas comhtháthaithe i gcomhair na tréimhse 2007-2013.

Is ról seachadta atá ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i gcuid de na cláir INTERREG um Chomhar idir Chríocha:

- INTERREG IV A Clár na hÉireann – na Breataine Bige – Údarás Bainistíochta, Údarás Deimhnithe agus Comhrúnaíocht Theicniúil
- INTERREG IV B Clár Iardheisceart na hEorpa – ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir; óstaíonn pointe teagmhála in Éirinn agus is Rialaitheoir an Chéad Leibhéil é
- INTERREG IV B Clár an Limistéir Atlantaigh
- INTERREG IV B Clár an Imill Thuaidh – ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir agus óstaíonn Rialaitheoir Céid Leibhéil na hÉireann
- INTERREG IV C – ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir agus óstaíonn Rialaitheoir Céid Leibhéil i leith Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir

Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013

IRELAND WALES
2007 – 2013

Is é an Tionól Réigiúnach an tÚdarás Bainistíochta agus Deimhnithe do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013. Tá an Chomhrúnaíocht Theicniúil atá ina cuid den Tionól Réigiúnach lonnaithe i bPort Láirge agus tá sí freagrach as gnáthbhainistiú laethúil an Chláir i gcomhar le Tionól na Breataine Bige.

Cúlra
Tá Clár na hÉireann-na Breataine Bige ina chuid de na Cláir Trasteorainn i Sraith A. Dírítear ar chomhoibriú idir réigiúin teorann é atá in aice a chéile, chun forbairt réigiúnach chomhtháite trí chomhstraitéisí a áirithiú. Tá an Clár bunaithe ar Cháir Oibre Liospóin agus Gothenburg . Agus iomlán €52 milliún de bhuiséad deontais ó CFRE ar fáil dó tá an clár dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chomhthionscadail chun comhoibriú ar shaincheisteanna faoi dhá phríomhthoscaíocht:

Tosaíocht 1: Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Fáis:
- **Nuálaíocht agus Cumas Iomaíochta**
- **Scileanna agus Cumas Iomaíochta i gcomhair Lánpháirtiú i bhfostaíocht**

Tosaíocht 2: Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe:
- **Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**
- **Athghiniúint Inbhuanaithe**

Sa gClár seo táthar ag lorg tionscadal atá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sonraithe i mbearais de chuid an AE, na hÉireann agus na Breataine Bige agus a bhfuil tionchar dearfa acu ar phobail áitiúla sa limistéar trasteorainn.

Glaonna ar thairiscintí
Chríochnaigh an Clár dhá ghlaoch ar thairiscintí i 2008. Críochnaíodh an chéad ghlaoch i Mí Eanáir agus fuarthas 15 iarratais ar mhaoiniú ann. D'fhaomh Coiste Stiúrtha an Chláir sé iarratais i Mí Aibreáin faoin mbabhta seo inar deineadh ceangaltas Cláir iomlán €6.26 milliún as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. I measc na rannpháirtithe ó Éirinn bhí eagraíochtaí ó earnáil an tríú leibhéil, na tacaíochta gnó agus an chomhshaoil.

Lainseáladh an tarna glaoch ar thairiscintí ar an 20ú Meitheamh agus ba é an 19ú Meán Fómhair an spriochdháta. Fuair an Chomhrúnaíocht Theicniúil 28 n-iarratais ar fud an dá Thosaíocht. Tá na hairratais á meas faoi láthair agus déanfaidh an Coiste Stiúrtha cinneadh i Mí Aibreáin 2009.

Imeachtaí an Chláir
Bhí an dara cruinniú ag Coiste Stiúrtha an Chláir ar an 13ú Meitheamh i Saundersfoot sa Bhreatain Bheag. Tugadh an t-eolas is deireanaí don gCoiste faoi ghníomhaíochtaí agus d'fhaomh sé lainseáil an dara ghlaoigh ar thairiscintí.

Reáchtáladh ócáid thrasteorainn an Chláir ar an 16ú Bealtaine i gCill Mhantáin i gcomhar leis an Tionól Réigiúnach. D'oscail an tUas. Dick Roche TD, Aire Stáit um an Eoraip, an ócáid go hoifigiúil. Bhí an ócáid dírithe go mór mór ar thairbhí a ghabhann le rannpháirtíocht i Sraith Thrasteorainn agus i Sraith Thrasnáisiúnta Interreg.

Ócáid bhliantúil Clár Oibriúcháin na hÉireann – na Breataine Bige i gCill Mhantáin ar an 16ú Bealtaine 2008

Sa phictiúr ó chlé: Ruut Louwers, Ceann Aonaid, Interreg IVB NWE, An Comhairleoir Conal Kavanagh, Cathaoirleach, Tionól Réigiúnach an D&O, Dick Roche TD, Aire Stáit um an Eoraip, Simon Baily, Ceann Aonaid Clár na hÉireann-na Breataine Bige agus Gerry Sutton, Ionad Acmhainne Cósta agus Mara, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Tar éis don tarna ghlaoch ar thairiscintí a bheith déanta chuir an Chomhrúnaíocht Theicniúil ceardlann d'iarratasóirí ionchasacha ar siúl i gCill Chainnigh. Cuireadh dhá cheardlann mar seo ar siúl sa Bhreatain Bheag chomh maith, chun éascaíocht a dhéanamh d'iarratasóirí ionchasacha ón mBreatain Bheag. D'fhreastail breis is 150 páirtithe a chuir suim sa chlár orthu. Cuireadh ar an eolas iad faoi riachtanais an Chláir mar a bhaineadar leis an tarna ghlaoch. Tugadh deis d'iarratasóirí, leis, a gcuid smaointe i gcomhair tionscadail a phlé le baill foirne na Comhrúnaíochta Teicniúla ag na hócáidí seo.

Ceardlann ar Chlár Oibriúcháin na hÉireann-na Breataine Bige d'Iarratasóirí i gCill Chainnigh ar an 14ú Lúnasa 2008

Sa phictiúr ó chlé: Paddy Gargan, Bord Iascaigh Mhara, Siobhán Sheehan, Cumann Lucht Tráchtala na hEochaille, Aileen Aherne, Grúpa Forbartha Soch-Eacnamaíoch na hEochaille.

fhreastail gach comhpháirtí ó na 6 tionscadail fhaofa ar cheardlann faoi rialú airgeadais i Loch Garman ar an 20ú Samhain. Tugadh comhairle agus treoir do chomhpháirtithe tionscadail mar gheall ar

riachtanais airgeadais an Chláir. Tugadh deis do na tionscadail, leis, buaileadh le foireann na Comhrúnaíochta Teicniúla i gcruinnithe duine le duine i ndiaidh na hócáide chun a gcuid riachtanas ar leith a phlé.

Ceardlann Airgeadais de chuid Clár na hÉireann-na Breataine Bige i Loch Garman ar an 20ú Samhain 2008

Sa phictiúr ó chlé: Simon Baily, Ceann Aonaid, Emlyn Williams, Coleg Menai (tionscadal VISION), Muire Coby agus Deborah Murphy, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta (tionscadal VISION)

Interreg IIIA - Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006

Críochnaíodh gach gníomhaíocht tionscadail nach raibh críochnaithe go fóill faoi Chlár Interreg IIIA na hÉireann-na Breataine Bige faoin 30ú Meitheamh 2008. Tá nósanna imeachta an chlabhsúir ar siúl ó shin. Tá sé i gceist an tuarascáil chlabhsúir a bhreathnú i Mí na Nollag 2009. Is é Rialtas Tionóil na Breataine Bige, Údarás Bainistíochta an Chláir, atá i gceannas ar an bpróiseas seo agus tugann an Tionól Réigiúnach tacaíocht dó tríd an Chomhrúnaíocht Theicniúil atá acu i láthair na huaire de réir mar a bhíonn gá léi.

Baill de Choiste Monatóireachta an Chláir ag an gcéad chruinniú ar an 19ú Deireadh Fómhair 2007.

INTERREG IVB – Comhar Trasnáisiúnta

INTERREG IVB
Clár Iarthuaisceart na hEorpa 2007-2013

Cúlra

Ar an 26ú Meán Fómhair 2007 d'fhaomh Coimisiún na Eorpa Clár Eorpach um Chomhar idir Chríocha i gcomhair comhoibrithe thrasnáisiúnta idir an Bheilg, an Ghearmáin, Éire, An Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe i dteannta rannpháirtíocht na hEilvéise. Baineann an clár leis an tréimhse 2007-2013. Is é a ghabhann leis an gClár Trasnáisiúnta um Chomhar idir Chríocha do Iarthuaisceart na hEorpa ná Tacaíocht an Chomhphobail do 93 ceantair NUTS II i dtíortha atá rannpháirteach, laistigh de chreat an Chuspóra atá le Comhair Eorpach idir Chríocha. Baineann an clár le tuairim is 180 milliún duine (2003) a chónaíonn sa cheantar incháilithe darb achar 845,000 km. Timpeall ar €696 milliún buiséad iomlán an Chláir. Is ionann infheistiú an Chomhphobail trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ná €355 milliún. Is féidir le tionscadail iarratais a dhéanamh ar ráta deontais suas chuig 50% ó CFRE.

INTERREG IVB Clár Iarthuaisceart na hEorpa 2007-2013

Is í príomhchuspóir an Chláir ná leas a bhaint as comhoibriú idir príomh-pháirtithe leasmhara agus tabhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le críocha ar fud limistéar Iarthuaisceart na hEorpa. Féachann an clár le cur le cumas iomaíochta eacnamaíoch an réigiúin agus é ag cur chun cinn forbartha atá cothromaithe ó thaobh na réigiún de agus atá inbhuanaithe ag an am céanna. Is clár uathúil é sa mhéid go bhfuil cur chuige trasna na n-earnálacha aige i leith forbairt chríocha, rud a chuireann chun cinn comhoibriú dlúth le hollscoileanna, le heagraíochtaí neamh-rialtas, le húdaráis phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun a chinntiú go gcuirfear le comhtháthú eacnamaíoch agus shóisialta agus le cumas iomaíochta an AE. Is é an buntáiste atá ag an gClár um Chomhar Trasnáisiúnta ná go gcuirtear nascanna ar bun idir ghníomhaithe ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus trasteorann agus ar an leibhéal idir-réigiúnach. Is níos de réir a chéile a chomhlánaíonn na hiarrachtaí seo gníomhaíochtaí, beartais agus cláir sna tíortha rannpháirteacha.

Chun go mbeidh an comhoibriú suntasach ní mór éachtaí nithiúla a bhaint amach sa gClár Oibriúcháin. I láthair na huaire beidh cur chuige nua an chomhoibrithe thrasnáisiúnta ag díriú ar:

- Cur chuige fadthéarmach straitéiseach
- éifeacht spreagthach a bhíonn ag tionscadail chomhoibrithe i leithinfheistíochtaí i mbonneagar a bhfuil tábhacht thrasnáisiúnta leo
- cabhraíonn tionscadail a thugann faoi shaincheisteanna cosúla lena chéile agus comhlánaíonn siad cláir eile
- saincheisteanna trasnáisiúnta a bhaineann leis an gceantar a shárú

Is iad na tosaíochtaí Cláir ná:
Tosaíocht 1: Eacnamaíocht eolas-bhunaithe Iarthuaisceart na hEorpa a fhorbairt trí leas a bhaint as ár gcumas nuálaíochta
Tosaíocht 2: Bainistiú inchothaithe ar acmhainní nádúrtha agus ar phriacail nádúrtha agus teicneolaíochta
Tosaíocht 3: Nascacht a fheabhsú in Iarthuaisceart na hEorpa trí bheith ag cur chun cinn iompar agus réitigh TFC atá cliste inbhuanaithe
Tosaíocht 4: Pobail láidre saibhre a chur chun cinn ar an leibhéal trasnáisiúnta

Ceapadh Michael Buckley CPA, atá ina iniúchóir ag an Tionól Réigiúnach mar Rialaitheoir Chéad Leibhéil ar gach comhpháirtí Éireannach i gClár Iarthuaisceart na hEorpa. Is é atá sa rialú Chéad Leibhéil ná scrúduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn don tionscadal a bheith á chur i ngníomh gach aon uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.

I Rialú Chéad Leibhéil cuimsítear na scrúduithe seo a leanas:

- fíorú: maidir le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí a ndeintear comh-mhaoiniú orthu (de réir mar a sonraítear sa bhfoirm Iarratais fhaofa);
- fíorú fóntacht an chaiteachais a dhearbhaítear;
- fíorú go gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas rialacha an Chláir, an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta.

Teagmháil

Antoinette Jordan, An Pointe Teagmhála, INTERREG IVB NWE, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
Guthán +353 (0) 51 860 700 R-phost ajordan@seregassembly.ie Suíomh idirlín www.nweurope.eu

Michael Buckley CPA, Rialaitheoir Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NWE, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
Guthán +353 (0) 51 860 700 R-phost mbuckley@seregassembly.ie Suíomh Idirlín www.nweurope.eu

An Clár INTERREG IIIB d'Iarthuaisceart na hEorpa 2000-2006

Bhain an Clár Interreg IIIB NWE, 2000-2006, atá ag druidim chun deiridh, le téamaí beartais a théann i bhfeidhm ar straitéisí pleanála i dtaobh úsáid talún agus a imríonn tionchar air seo, agus le dáileadh gníomhaíochtaí agus bainistiú acmhainní: forbairt uirbeach agus tuaithe; gréasáin iompair agus eolais; bainistiú uisce; an comhshaol; oidhreacht chulturtha; agus le saincheisteanna faoi chúrsaí mara.

D'éirigh le 43 eagraíochtaí Éireannacha breis is €10.6 milliún as Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa a fháil mar chuid de 26 tionscadail chomhoibrithe faoi théamaí lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe cósta; forbairt táirgí i gcomhair turasóireachta réigiúnaí; pobail oileáin iargúlta; athnuachaint canáil i lár na cathrach; taighde a dhíriú i dtreo torthaí tairbheacha tionscail; sábháilteacht tráchta ar farraige; struchtúir líonraithe agus tacaíochta gnó; agus bearta chun tuilte a chosc.

Feidhm an Tionóil Réigiúnaigh

Tá baint ag an Tionól leis an gclár mar fheidhmeannach thar ceann bhallstát na hÉireann trí bheith ag soláthar ionadaithe ar Choiste Monatóireachta agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir araon.

D'fhreastail ionadaithe ón Tionól ar chruinnithe Coiste Mhonatóireachta an Chláir sa Bhruiséil ón 14ú-15ú Aibreán 2008 agus i Lucerne na hEilvéise ón 3ú-4ú Nollaig 2008. Dúnadh an tarna ghlaoch ar mholtaí ar an 9ú Bealtaine 2008 agus bhí an tarna cruinniú ag Coiste Stiúrtha an Chláir i Lucsamburg ón 9ú-11ú Iúl 2008 chun an 39 n-iarratais a fuarthas a bhreathnú. Dúnadh an tríú glaoch ar mholtaí ar an 3ú Deireadh Fómhair 2008 agus bhí an tríú cruinniú ag Coiste Stiúrtha an Chláir i Lucerne san Eilvéis ón 4ú-5ú Nollaig 2009 chun féachaint ar na 28 n-iarratais. Faomhadh 8 gcinn díobh. Bhí ionadaíocht ag an Tionól, leis, ag Ócáid Bhliantúil de chuid Clár Iarthuaisceart na hEorpa i Lucsamburg i Mí Mheán Fómhair 2008. I ndeireadh 2008 bhí €129 milliún (is ionann sin agus 39%) de bhuiséad an Chláir leithdháilte. Sna chéad trí glaonna ar mholtaí d'éirigh le 9 n-eagraíochtaí ó Éirinn breis is €3.2 milliún de chistiú as CFRE a fháil mar chuid de 5 tionscadail.

Deineann an Tionól maoirseacht ar rannpháirtiú eagraíochtaí Éireannacha agus tugann cúnamh ina leith trí bheith ina phointe teagmhála do Chlár Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn. Gníomhaíonn líonra trasnáisiúnta de Phointí Teagmhála mar ionadaithe díláraithe an chláir. Táid lonnaithe in gach ceann de na tíortha comhpháirtíochta agus oibríonn siad as láimh a chéile leis an Rúnaíocht Theicniúil i Lille sa bhFrainc. I 2008 ceapadh Antoinette Jordan mar Phointe Teagmhála in Éirinn i gcomhair na tréimhse 2008-2014.

Is é seo a leanas an obair a bhíonn á déanamh ag an bPointe Teagmhála ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus trasnáisiúnta:

- Clár Iarthuaisceart na hEorpa a chur chun cinn agus tuiscint a spreagadh i ndaoine ar na deiseanna agus ar na riachtanais a ghabhann leis le cabhair ábhair chumarsáide agus imeachtaí.
- Coincheap an chomhoibrithe thrasnáisiúnta agus an breisluach atá air a chur chun cinn.
- Feidhm deasc chabhrach: freagra a thabhairt ar fhiosruithe ginearálta faoin gclár.
- Measúnú macánta a chur ar fáil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon acmhainneacht i smaoineamh tosaigh maidir leis an gClár.
- Tacú le cothú comhpháirtíocht tionscadail agus le cuardach comhpháirtithe thrasnáisiúnta.
- Comhairle a chur ar thionscnóirí tionscadail agus iad ag ullmhú iarratas trí bheith ag tabhairt dréacht-nótaí tráchta dóibh maidir leis an moladh.
- Gníomhú mar sheirbhís chaidrimh a bhfuil teacht éasca uirthi, do chomhpháirtithe faofa a bhfuil ceisteanna ar leith acu maidir le rialacha an chláir nó an AE nó a bhfuil deacrachtaí acu i dtaobh cur i ngníomh.
- Cabhrú leis an gComhrúnaíocht Theicniúil agus leis na húdaráis Interreg náisiúnta maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár nó maidir le cur i ngníomh an chláir.

Cúlra
Ar an 20ú Meán Fómhair 2007 d'fhaomh Coimisiún na hEorpa Clár Eorpach um Chomhar idir Chríocha le haghaidh comhoibrithe thrasnáisiúnta idir Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Ríocht Aontaithe i gcomhair na tréimhse 2007-2013.
Is é a bhaineann leis an gClár Oibriúcháin um Chomhar Trasnáisiúnta "Limistéar Atlantach 2007-2013" *("Atlantic Area 2007-2013")* ná tacaíocht ón gComhphobal do 33 cinn de limistéir NUTS faoin gcósta sna tíortha rannpháirteacha ó Chaolas Giobráltar go Tuaisceart na hAlban. Deineann an clár difríocht do phobal 56 milliún duine (2005) a chónaíonn sa limistéar incháilithe darb achar 594.000 Km. Tá an Clár Oibriúcháin laistigh den gcreat atá leagtha amach i gcomhair na cuspóra atá le comhoibriú trasnáisiúnta san Eoraip agus tá buiséad iomlán €159 milliún nó mar sin aige. Is ionann infheistíocht ón gComhphobal trí CFRE agus tuairim is € 104 milliún.

INTERREG IVB Clár an Limistéir Atlantaigh 2007-2013
Imeasc na dtosaíochtaí atá sonraithe sa gcuspóir Eorpach um chomhoibriú idir chríocha is í príomhchuspóir an Chlár Oibriúcháin ná cur le comhtháthú an Limistéir Atlantaigh ó thaobh críocha de, trí struchtúir chomhoibrithe idir bhallstáit rannpháirteacha a threisiú. Chun struchtúir chomhoibrithe atá ann cheana a dhaingniú agus chun torthaí intadhaill ó thaobh forbartha eacnamaíocht an eolais de a bhaint amach féachann clár an "Limistéir Atlantaigh 2007-2013" le:

- oidhreacht mhara an Atlanaigh a fheabhsú;
- luach acmhainní mara an limistéir Atlantaigh a chothú:
- cur le teacht chun cinn cnuasach gníomhaíochtaí eacnamaíochta;
- inrochtaineacht agus dálaí loighisticiúla a chur chun cinn;
- cur le forbairt chothomaithe inbhuanaithe an limistéir Atlantaigh.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil athrú nach beag i gceist ar chuspóirí foriomlána an chláir i gcomórtas le cláir a tháinig roimhe seo. Ba chláir iad seo ina raibh srian ar mhórán tionscadal sa mhéid nach raibh iontu ach staidéir nó malartú eolais. Díríonn an cineál nua comhoibrithe thrasnáisiúnta i gcreat clár an "Limistéir Atlantaigh 2007-2013" ar mhórghníomhartha nithiúla, ar chur chuige fadtéarmach straitéiseach, ar mhalartú taithí agus ar aistriú saineolais agus spreagadh a léimeann ó thionscadal go tionscadal eile a thugann faoi shaincheisteanna cosúla.

Is iad tosaíochtaí an Chláir ná:
Tosaíocht 1: Líonraí trasnáisiúnta fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn
Tosaíocht 2: An timpeallacht mara agus cósta a chosaint, a dhaingniú agus a fheabhsú ar shlí inbhuanaithe
Tosaíocht 3: Inrochtaineacht agus naisc inmheánacha a fheabhsú
Tosaíocht 4: Sineirgí trasnáisiúnta a fheabhsú i bhforbairt inbhuanaithe uirbeach agus réigiúnach

Rannpháirtíocht Réigiúnach: An Tionscadal Atlant-Kis

Sa bhliain 2008 d'éirigh leis an Tionól Réigiúnach €250,000 nach mór a fháil don réigiún as CFRE trí thionscadal Atlant-Kis an Limistéir Atlantaigh. Tionscadal é seo a bhfuil Rialtas Navarra na Spáinne i gceannas air agus a bhfuil comhpháirtithe ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Spáin, ón Phortaingéil agus ón RA ag glacadh páirte ann. Is é is cuspóir dó ná Aistriú Eolais agus Teicneolaíochta agus próisis nuálaíochta i nGnólachtaí Beaga agus Meánmhéide a fheabhsú trí chomhoibriú Seirbhísí Dianeolais *(Knowledge Intensive Services – KIS*) a chur chun cinn sa Limistéar Atlantach. Tugadh faomhadh don tionscadal faoi Thosaíocht 1, Cuspóir 1 agus is é €2.36 milliún an buiséad iomlán atá aige. €1.53

milliún an méid a chuireann CFRE leis. Is ionann sin agus 65%. Is é breis is €455.000 an méid comhiomlán atá á thabhairt ag CFRE do na comhpháirtithe Éireannacha.

Teagmháil
Antoinette Jordan, Comhordaitheoir an Tionscadail Atlant-Kis, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 R-phost ajordan@seregassembly.ie Suíomh Idirlín www.seregassembly.ie agus http://atlanticarea.inescporto.pt/

INTERREG IVB
Clár an Imill Thuaidh
2007-2013

Cúlra
Ar an 28ú Meán Fómhair d'fhaomh Coimisiún na hEorpa Clár Comhair Thrasnáisiúnta i gcomhair na tréimhse 2007-2013 idir Éire, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Glacann na hOileáin Faró, An Ghraonlainn, an Íoslainn agus an Iorua páirt, chomh maith. I gClár "An Imill Thuaidh 2007-2013" cuirtear tacaíocht ón gComhphobal ar fáil do na réigiúin seo a leanas laistigh de chreat na cuspóra um Chomhar idir Chríocha Eorpacha: Éire: "Teorainn, Lár na Tíre agus Iarthar" (na réigiúin Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Gaillimh agus Maigh Eó amháin)' "Deisceart agus Oirthear" (na réigiúin Clár, Luimneach, Corcaigh agus Ciarraí amháin); An Fhionlainn: "Itä-Suomi", "Pohjois-Suomi" agus "Länsi-Suomi" (an réigiún Keski-Suomi amháin); An tSualainn: Mellersta Norrland agus Övre Norrland; An Ríocht Aontaithe: "Oir-thuaisceart na hAlban" (an réigiún "Moireibh Thoir-Thuaidh"), "Iardheisceart na hAlban" (an réigiún "Dumfries & Galloway"), "an Ghaidhealtachd agus na hEileanan" agus "Tuaisceart Éireann" (ach amháin na réigiúin "Béal Feirste" agus "Imeall Bhéal Feirste"). Tuairim €59 milliún buiséad iomlán an chláir. Is ionann infheistiú ón Chomhphobal trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa is €35 milliún éigin. Deineann na ceithre stáit nach ballstáit iad airgeadú €10 milliún sa bhreis ar an gclár mar airgeadú atá "coibhéiseach le CFRE".

INTERREG IVB Clár an Imill Thuaidh 2007-2013
Baineann Clár an Imill Thuaidh le limistéar an-ilchineálach ar fad. Tá sé lán d'acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus d'acmhainní daonna. Tá deiseanna comhchosúla i gcoiteann ag na réigiúin ar fud ceantar an Chláir agus caithfidh siad go léir aghaidh a thabhairt ar bhacainní comhchosúla atá ar fhorbairt. Tá an straitéis i leith chomhoibrithe bunaithe ar chomhcheangal níos dlúithe chun cuspóirí straitéisí Liospóin agus Gothenburg a bhaint amach. Is é is aidhm don gClár ná cabhrú le pobail imeallacha iargúlta ar imill thuaidh na hEorpa forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainn eacnamaíoch, a n-acmhainn shóisialta agus ar a n-acmhainn chomhshaoil. Bainfear é seo amach de thoradh ar chomhar trasnáisiúnta i réimsí na nuálaíochta, an chumas iomaíochta gnó, na hinrochtaineachta, na forbartha inbhuanaithe, na n-acmhainní nádúrtha agus na hoidhreachta cultúrtha.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Chláir:
Tosaíocht 1: Nuálaíocht agus cumas iomaíochta a chur chun cinn i gceantair iargúlta agus i gceantair imeallacha
Tosaíocht 2: Forbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha
Tosaíocht 3: Cúnamh Teicniúil

Ceapadh Michael Buckley CPA, Iniúchóir ag an Tionól Réigiúnach mar Rialaitheoir an Chéad Leibhéil ar na comhpháirtithe Éireannacha go léir i gClár an Imill Thuaidh. Is é atá sa rialú Chéad leibhéil ná scruduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn cur i ngníomh an tionscadail gach uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.

I Rialú Chéad Leibhéil cuimsítear na scrúduithe seo a leanas:

- fíorú: maidir le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí a ndeintear comh-mhaoiniú orthu (de réir mar a sonraítear sa bhfoirm Iarratais fhaofa);
- fíorú fóntacht an chaiteachais a dhearbhaítear;
- fíorú go gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas rialacha an Chláir, an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta.

Teagmháil
Michael Buckley CPA, Rialaitheoir Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NPP, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 R-phost mbuckley@seregassembly.ie
Suíomh Idirlín http://www.northernperiphery.eu/en/home/

INTERREG IVC
Comhar Idir-réigiúnach

Cúlra
Oibríonn comhar idir-réigiúnach ar leibhéal uile-Eorpach. Baineann sé leis an 27 mballstát agus tuilleadh. Cothaíonn sé líonraí chun dea-chleachtas a fhorbairt agus chun éascaíocht a dhéanamh do mhalartú agus d'aistriú taithí idir réigiúin rathúla. Taispeánann sé an obair atá á déanamh go breá ag na réigiúin i dtreo is gur féidir leo siúd atá fós ag infheistiú leas a bhaint as na samplaí. Cuireann an clár INTERREG IVC ar chumas réigiún de chuid an AE obair as láimh a chéile agus tá a struchtúr tógtha timpeall ar dhá thosaíocht a thugann faoi: nuálaíocht agus eacnamaíocht an eolais, agus an comhshaol agus cosc ar phriacal. €331 milliún an méid a chuirtear leis as gClár as CRFE agus is iad na tíortha rannpháirteacha ná 27 mballstáit an AE chomh maith leis an Iorua agus an Eilvéis.

An Clár INTERREG IVC 2007-2013
Tá feidhm ríthábhachtach ag údaráis agus ag luchtanna leasa ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach i dtreo is go mbainfear straitéisí an AE um fás, postanna agus forbairt inbhuanaithe amach. Má dheintear taithí, eolas agus dea-chleachtas i leith beartas a mhalartú, a chomhroinnt agus a aistriú beidh sé seo ina chabhair chun an chuspóir seo a bhaint amach.

Tá an clár INTERREG IVC ina chuid den gcuspóir atá le beartais na gCistí Struchtúrtha i leith Chomhar idir Chríocha Eorpacha. Baineann sé leis an tréimhse 2007-2013. Is é is sprioc dó ná éifeachtacht na mbeartas um forbairt réigiúnach a fheabhsú agus cur le nuachóiriú eacnamaíoch agus le treisiú cumas iomaíochta trí chomhar idir-réigiúnach agus é seo a dhéanamh trí bheith:

- ag cur ar cumas gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha ar fud an AE a gcuid taithí agus a gcuid eolais a mhalartú;
- réigiúin nach bhfuil oiread taithí acu i réimsí áirithe a thabhairt le chéile le réigiún a bhfuil níos mó dul chun c inn déanta acu i leith na réimsí sin;
- a chinntiú go n-aistreofar dea-chleachtais i gcláir phríomhshrutha na gCistí Struchtúrtha.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Chláir:
Tosaíocht 1: Nuálaíocht agus eacnamaíocht an eolais
Tosaíocht 2: An comhshaol agus cosc ar phriacal

Ceapadh Michael Buckley CPA, Iniúchóir ag an Tionól Réigiúnach mar Rialaitheoir an Chéad Leibhéil ar na comhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir atá rannpháirteach sa chlár INTERREG IVC. Is é atá sa rialú Chéad leibhéil ná scruduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn cur i ngníomh an tionscadail gach uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.

I Rialú Chéad Leibhéil cuimsítear na scrúduithe seo a leanas:

- fíorú: maidir le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí a ndeintear comh-mhaoiniú orthu (de réir mar a sonraítear sa bhfoirm Iarratais fhaofa);
- fíorú fóntacht an chaiteachais a dhearbhaítear;
- fíorú go gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas rialacha an Chláir, an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta.

Teagmháil
Michael Buckley CPA, Rialaitheoir an Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NPP, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 R-phost mbuckley@seregassembly.ie Suíomh idirlín www.interreg4c.net

An Clár INTERREG IIIC 2000-2006

Tá an clár Interreg IIIC 2000-2006 ag druidim chun deiridh anois. Faoin gclár seo tacaíodh le comhroinnt eolais agus taithí idir réigiúin ar fud críoch ar fad an AE, chun réitigh nua a fhorbairt maidir le dúshláin san eacnamaíocht, sa saol sóisialta agus maidir le dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol. Eagraíodh IIIC de réir 4 criosanna geografacha. Bhí Éire sa 'Chrios Iarthach' cé gurbh fhéidir do thionscadail Éireannacha páirt a ghlacadh i dteannta comhpháirtithe eile i dtionscadail a bhí ar siúl i gcrios ar bith eile. Cumascadh na criosanna ina gcios uile-Eorpach amháin ó shin i gcomhair an chláir IVC.

D'éirigh le heagraíochtaí i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir cistiú €2.1 milliún as CFRE a aimsiú ar fud 4 criosanna ar fad den tsraith IIIC. Iontu siúd a áirítear an Tionól Réigiúnach é féin, an Institiúid Mara, Forbairt na Sionnainne de chistiú, roinnt ollscoileanna agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla.

Rannpháirtíocht Réigiúnach in INTERREG IIIC: An Tionscadal ESTIIC

Ó Mhí Aibreáin 2005 go Mí Mheithimh 2008 bhí an Tionól Réigiúnach gafa leis na réigiúin chomhpháirtíochta Nord-Rhein Westfalen, (an Ghearmáin), Asturias (An Spáinn) agus Cantabria (an Spáinn) in Oibríocht Chreata Réigiúnaí darb ainm ESTICC (Ag spreagadh Úsáid na Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Sochaí an Eolais ar son Cumas Iomaíochta na Réigiún) *(Encouraging the Use of Technology, Innovation and Information Society for Regional Competitiveness).* Is é atá in Oibríocht Chreata Réigiúnaí ná mionchlár ina gceapann na réigiúin atá bainteach leis comhghlaoch ar mholtaí i dteannta a chéile. Mar fhreagra ar an gcomhghlaoch seo cuireann iarratais oiriúnacha ó eagraíochtaí comhpháirtíochta ó dhá cheann de na réigiúin ar a laghad a ghlacann páirt sa chlár moltaí fothionscadail phíolótaigh i láthair chun dul san iomaíocht ar pháirtmhaoiniú (ráta deontais 75%).

Cuireadh an tionscadal ESTIIC le chéile toisc go rabhthas ag cuimhneamh ar chumas iomaíochta na réigiún san am atá ag teacht. Ba í aidhm an tionscadail riaracháin réigiúnacha a ullmhú chun go mbeadh ar a gcumas aird freagairt níos fearr a thabhairt ar riachtanais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus iad a bhainistiú i dtreo cumas iomaíochta réigiúnach le cúnamh beartas agus ionstraimí feabhsaithe i ndá réimse den gcomhpháirtíocht: nuálaíocht atá á comáint ag an teicneolaíocht agus ag sochaí an eolais. Féachtar ar an dá cheann mar réimsí beartais atá i gcroílár na hoibre chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn.

Maidir le gach topaic aithníodh na cuspóirí go soiléir:

Nuálaíocht atá á comáint ag an Teicneolaíocht

- Tionscnaimh agus modheolaíochtaí a fhorbairt a thugann slí d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide teacht ar intleacht theicniúil agus a thugann taighde eolaíoch ar aon dul lena gcuid riachtanas
- Uirlisí nua a chothú chun cabhair a thabhairt i leith próiseas na nuálaíochta, mar shampla líonraí agus grúpaí nuálaíochta.

Nuálaíocht

- Comhthionscaimh a fhorbairt chun straitéisí réigiúnacha leathabhannda a chur i bhfeidhm, a mheas agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu
- Úsáid feidhmchlár leathanbhannda a spreagadh
- Seachadadh seirbhísí poiblí chuig an earnáil phríobháideach a nuachóiriú agus a fheabhsú.

Ba iad cuspóirí foriomlána an tionscadail ESTIIC ná:

- Éascaíocht a dhéanamh d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide chun go mbeidh teacht acu ar theicneolaíochtaí agus ar tionscnaimh oideachasúla agus ar thionscnaimh a chruthaíonn eolas, de réir mar atá a leithéid ag teastáil uathu;
- Córais agus uirlisí nua a chur chun cinn chun tacú le nuálaíocht;
- Comhchórais réamhfheasa a chur ar bun chun gur féidir réamhphleanáil níos féarr a dhéanamh;
- Tionscnaimh a fhorbairt chun straitéisí leathanbhanda réigiúnacha a chur ar bun, anailís a dhéanamh orthu agus iad a fhorbairt;
- Úsáid feidhmchlár leathanbhanda a spreagadh;
- Seirbhísí poiblí atá á n-úsáid ag an earnáil phríobháideach a nuachóiriú agus a fheabhsú.

Foilsíodh glaoch comhuaineach ar mholtaí go luath i 2006 chun fothionscadail a aithint a bheadh le cur i gcrích ar bhonn trasnáisiúnta. Bhí an glaoch aimsithe ar rannpháirtíocht eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha, ar ghníomhaireachtaí forbartha, eagraíochtaí tacaíochta gnóthais, forais oideachais tríú leibhéil agus ar ionaid taighde agus teicneolaíochta mar rannpháirtithe dealraitheacha. Fuarthas 14 cinn de mholtaí fothionscadail. Roghnaigh Coiste Stiúrtha ESTIIC 8 gcinn i gcomhair a maoinithe agus tá comhpháirtithe ceannais as Éirinn ar 3 cinn díobh seo. Forbraíodh na hocht bhfothionscadail idir Mhí Iúil 2006 agus Mí na Nollag 2007. Bhí buiséad €2.4 milliún ar fáil dóibh agus ghlac 27 n-eagraíochtaí as 4 réigiúin páirt iontu. Bhain na fothionscadail le leibhéil éagsúla ó thaobh doimhneacht an chomhoibrithe de. Ba thairbheach agus ba éifeachtach é an cumasc de shlite ina dtugadh faoin obair chun cuspóirí ESTIIC a bhaint amach.

Ba iad na fothionscadail a raibh comhpháirtithe as Éirinn gafa leo ná:

Nuálaíocht atá á comáint ag an Teicneolaíocht

- RFID4SME *(Teicneolaíochtaí radaimhinicíochta a chumasú i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide)* - IT Thrá Lí (Comhpháirtí ceannais an fhothionscadail)
- CP (Foilsitheoireacht Shaincheaptha: Líonra comhoibrithe do straitéisí foilsitheoireachta aonair) *(Co-operation network for individualized publishing strategies)* – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- A4M (Ollscoilíochta don ngnáthphobal – torthaí taighde acadúil a chur in oiriúint do riachtanais FBM) *(Academia for the Masses, adapt results of academic research to the needs of SMEs)* – llscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Sochaí an Eolais

- CBExS (Malartú Leathanbhanda i gCathracha d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide) *(City Broadband Exchange for SMEs)* - Shannon Broadband (Comhpháirtí ceannais an fhothionscadail), Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt agus Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
- SMITH (Monatóireacht ar chodal sa bhaile) *(Sleep Monitoring in the Home)* – Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (Comhpháirtí ceannais an fhothionscadail)

Agus an tionscadal ag druidim chun deiridh i 2008 bhí roinnt ócáidí ar siúl ó Mhí Eanáir go Mí an Mheithimh.

Comhdháil um "Beartais Réigiúnacha i leith Nuálaíochta Teicneolaí agus Sochaí an Eolais d'FBM" ar an 17ú Aibreán 2008 sa Bhruiséil

Ar an 17ú Aibreán 2008 bhí ionadaíocht ag an Tionól Réigiúnach ag an gcomhdháil idirnáisiúnta maidir le "Beartais Réigiúnacha i leith Nuálaíochta Teicneolaí agus Sochaí an Eolais d'FBM: Ag gearradh an fhóid agus an chéad chéim eile" *("Regional Policies for Technological Innovation and the Information Society for SMEs: Groundwork and Next Steps")* sa Bhruiséil. Ba é an tionscadal ESTIIC a d'eagraigh an chomhdháil seo. Reáchtáladh an ócáid in oifigí an réigiúin Nord-Rhein Westfalen atá sa Ghearmáin (comhpháirtí ESTIIC) agus cuireadh ar siúl é chun smaointe saineolaithe nua ar fheidhmiú TFC i leith forbartha réigiúnaí a chur leis an bplé a tionscnaíodh sa *Think-Tank* i Mí Eanáir 2008. Ba chuid de na gníomhaíochtaí caipitlithe í an chomhdháil a dhein an tionscadal ESTIIC agus is é a bhí i gceist léi ná go mbainfeadh sí oiread leasa agus oiread tionchair is féidir as na torthaí agus as na ceachtanna a fuarthas sa tionscadal. D'fhreastail líon mór ionadaithe ó réigiúin Eorpacha uirthi agus bhíodar á dtacú ag príomhbhaill an Choimisiúin Eorpaigh.

Ar na cainteoirí agus na rannpháirtithe bhí Linda Mauperon, ball de chomh-aireacht Viviane Reding, an Coimisinéir Eopach um Shochaí an Eolais agus na Meán; Madeleine Mahovsky, ball de chomh-aireacht Danuta Hübner, Coimisinéir Eorpach um Beartas Réigiúnach; Mr. Michael Mertes, Rúnaí Stáit an Aire Gnóthaí Códhnaime, Eorpacha agus Meán i Nord-Rhein Westfalen; An tOll. Dr. Kurt Monse ón Institiúid Taighde FTK le haghaidh Teileachumarsáide; An tOll. Dr. Josef Strobl ó Ollscoil

Salzburg; An Dr. Gamal Moukabary, ó McKinsey & Company; An Dr. Pedro José Marrón, léachtóir ag Ollscoil Bonn agus José Esteban, ó Atos Origin.

Coiste Stiúrtha agus Grúpaí Oibre an Tionscadail Dheiridh, 29ú Bealtaine 2008, Gijón (An Spáinn)
Ar a 29ú Bealtaine 2008 bhí ionadaíocht ag an Tionól Réigiúnach ag cruinnithe deireanacha an Choiste Stiúrtha agus na nGrúpaí Oibre ESTIIC. Cuireadh ar siúl iad i Gijón, in Asturias sa Spáinn. Ba iad na príomhábhair a pléadh ná réamhthorthaí an mheasúnaithe dheiridh a dhein an chuideachta chomhairleachta Technopolis, chomh maith le críoch rathúil na ngníomhaíochtaí caipitlithe.

Comhdháil Dheiridh ESTIIC, 30ú Bealtaine 2008, Gijón (An Spáinn)
Thaistil toscaireacht ón Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir go Gijón na Spáinne chun freastal ar Chomhdáil dheiridh ESTIIC a bhí ar siúl i Mí Bhealtaine 2008. Reáchtáladh an Chomhdháil ""Beartais Réigiúnacha ar nuálaíocht atá á chomáint ag an teicneolaíocht agus ar shochaí an eolais – Teicneolaíochtaí do Gnólachtaí Beaga agus Meánmhéide: Ceachtanna a foghlamaíodh agus torthaí deiridh" *("Regional Policies on technology-driven innovation and information society Technologies for SMEs: Lessons learned and final results")* ar an 30ú Bealtaine 2008 i La Laboral, Gijón (Ollscoil Oibre Gijón). Chuir cainteoirí ó na ceithre réigiúin a ghlac páirt inti torthaí an tionscadail i láthair: Asturias, Nord-Rhein Westfalen, Oirdheisceart na hÉireann agus Cantabria. Ba í Laura Robles, Ard-Stiúrthóir Gnóthaí Eorpacha, Aireacht Réigiúnach um Eacnamaíocht agus Gnóthaí Eorpacha Asturias a d'oscail an chomhdháil. Le linn na cainte a thug an Stiúrthóir dúirt sí a thábhacht is atá sé go leanfar den obair agus go ndíreofaí sa treo céanna í: beartais réigiúnacha a cheapadh chun cúnamh a thabhairt d'fhiontair bheaga is meánmhéide. Ar na cainteoirí eile bhi. Marian Uriarte, An tAonad Interreg Unit, Aireacht na Spáinne um Eacnamaíocht agus Airgeadas; Patricia Llopis, Comhrúnaíocht an Deiscirt d'INTERREG IIIC ; An tOll.Dr. Víctor González Marroquín, Stiúrthóir Bainistíochta, IDEPA; An tOll. Dr. Kurt Monse, Stiúrthóir Bainistíochta, Institiúid Taighde FTK le haghaidh Teileachumarsáide; Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; An Dr. Hans Bruch, Ceann Rannóg na Meán agus na Teileachumarsáide, Oifig Phríomh-Aire Nord-Rhein Westfalen agus Jesús de las Cuevas, Ceann Tionscadal AE, Sodercan.

Dúirt an tOllamh Dr. Víctor González Marroquín, Stiúrthóir Bainistíochta IDEPA thar ceann an chomhpháirtí ceannais gur éirigh leis an tionscadal ó thús go deireadh. Bhí comhpháirtíocht aige ar éirigh léi a cuid spiocanna a bhaint amach go hiomlán agus go raibh breis is milliún euro faighte aige do gach réigiún chun é a chaitheamh ar an gcóras réigiúnach agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí bheith ag súil go leanfaí den gcomhoibriú.

Cuireadh torthaí na n-ocht bhfothionscadail ESTIIC um Nuálaíocht agus Shochaí an Eolais i láthair ag an gcomhdháil agus bhí pléite painéil ar siúl ina dhiaidh sin. Bhí Ivan Grimes, Stiúrthóir Cúnta, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, mar mhodhnóir ar phlé an Phainéil Nuálaíocht agus chuir ceannairí na bhfothionscadal Éireannacha a gcuid tionsacdal i láthair: RFID4SME, curtha i láthair ag Ed Sheldon, IT Thrá Lí agus A4M a cuireadh i láthair ag Mike Scott, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí Monika Gatzke, ceann Roinne in Institiúid Taighde FTK le haghaidh Teileachumarsáide mar mhodhnóir ar Phainéal sochaí an Eolais agus chuir ceannairí na bhfothionscadal Éireannacha a gcuid tionscadal i láthair: CBExS, a cuireadh i láthair ag Michael Moroney, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus SMITH a cuireadh i láthair ag Eric Chua ó Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Bhí na fothionscadail nuálaíochta dirithe ar Teicneolaíochtaí radaimhinicíochta, ar nanatheicneolaíocht, ar shlándáil TF agus ar fhoilsitheoireacht shaincheaptha. Lasmuigh de seo phléigh painéal Sochaí an Eolais ríomh-Shláinte, eolas geospásúil agus feidhmchláir leathanbhanda.

Cuireadh an Foróga Eorpach um TFC i láthair ag an gcomhdháil.

I bplé painéil leag baill an Choiste Stiúrtha ESTIIC na tátail amach a baineadh as taithí na mblianta ina rabhthas ag comhoibriú sa tionscadal. Threisíodar gur thionscadal an-dearfach é ESTIIC toisc go raibh deis ag na ceithre réigiúin rannpháirteacha, de bharr an tionscadail, tabhairt faoi

ghníomhaíochtaí nach bhféadfaidís tabhairt fúthu murach an creat seo. Bhí sé seo ag teacht le ceann de phríomhspriocanna an Choimisiúin Eorpaigh agus é ag airgeadú a leithéid de ghníomhaíocht.

Foilseachán deiridh
Foilsíodh foilseachán deiridh ESTIIC agus dlúthdiosca torthaí na bhfothionscadal agus na ngníomhaíochtaí caipitlithe i 2008. Tá cóip de ar fáil ón Tionól Réigiúnach.

Ó 2005-2008 chomhroinn na réigiúin taithí, mhalartaíodar smaointe, phléadar réitigh agus chothaíodar caidrimh ar mhaithe le comhoibrithe san am atá le teacht. Ba léir gur dhúshlán é an tionscadal ESTIIC chomh maith le deis chun cur le chéile i ndáil le forbairt na réigiún. Cheangail na réigiúin a gcuid oibre go dlúth le múnlú agus le nuashonrú na straitéisí agus na n-ionstaimí réigiúnacha atá ann chun forbairt eacnamaíoch na réigiún a chothú le cabhair nuálaíochta agus TFC.
Críochnaíodh an tionscadal ESTIIC i Mí Mheithimh 2008.

Teagmháil
Antoinette Jordan, ESTIIC Chomhordaitheoir Tionscadail ESTIIC, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge Guthán +353 (0) 51 860 700
R-phost ajordan@seregassembly.ie
SuíomhIdirlín
http://www.seregassembly.ie/interreg/interreg_3c/interreg_rfo_summary.asp?temp=&lang=en

Rannpháirtithe ag Comhdháil Dheiridh ESTIIC

Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí a bhí ar siúl againn le linn 2008

Ceardlann Bhliantúil do bhaill – 25ú & 26ú Eanáir 2008

Reáchtáladh ceardlann do bhaill in Óstán Faithlegg House Hotel, Port Láirge ar an 25ú agus ar an 26ú Eanáir 2008. Bhí freastal maith ar an gceardlann agus pléadh ábhair ar nós cumarsáid meáin, An Clár Oibriúcháin Réigiúnach agus leathanbhanda.

Tógadh an Pictiúr seo ag an gCeardlann a reáchtáladh in Óstán Faithlegg House, Port Láirge.

Sa phictiúr ó chlé: Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an D&O; An Comhairleoir Conal Kavanagh, Cathaoirleach, Tionól Réigiúnach an D&O agus Valerie Robinson, An Roinn Airgeadais.

Cuairt Staidéir ó Cantabria go Baile Átha Cliath 12ú & 13ú Feabhra 2008

Ar an 12ú agus an 13ú Feabhra 2008 bhí bainisteoirí nuálaíochta ó Sodercan, Gníomhaireacht Forbartha Réigiúnach ar réigiún Cantabria, rannpháirteach i gcuairt staidéir ar Éirinn. Is ionann Sodercan agus eagraíochtaí éagsúla in Éirinn ar nós an tÚdarás Forbartha Tionscail, Forfás, Fiontar Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann a bheith ag gníomhú i dteannta a chéile ag leibhéal réigiúnach. Bhí an Tionól Réigiúnach ina óstach ar an gcuairt staidéir agus thug Fiontar Éireann, An tÚdarás Ardoideachais agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann chomh maith le hInstitiúid Náisiúnta um Bhainistíocht Teicneolaíochta cur i láthair ag an ócáid. Thug an

Stiúrthóir Cúnta, Ivan Grimes, cur i láthair, leis, faoi úsáid Cistí Struchtúrtha an AE chun nuálaíocht a chur chun cinn.

Cruinniú an dá Thionól – 7ú Márta 2008

Thug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley TD, aitheasc uaidh ag cruinniú dhá Thionól Réigiúnach na hÉireann – Tionól Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus Tionól an Deiscirt agus an Oirthir, ag cruinniú speisialta i mBaile Átha Cliath ar an 7ú Márta 2008.

Tógadh an Pictiúr seo ag cruinniú an dá Thionól a reáchtáladh ar an 7ú Márta 2008 in Óstán Fitzwilliam i mBaile Átha Cliath
Sa phictiúr ó chlé: An Comhairleoir Conal Kavanagh, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an D&O, John Gormley, T.D., an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an D&O

Searmanas Bronnta Duaiseanna do Dhaltaí – Mí Bhealtaine 2008

I 2008, thug an Tionól Réigiúnach tacaíocht do 'Tráth na gceist Óige Ar-líne do Dhaltaí' *('Graduate Online Youth Quiz'*). Is Tráth na gceist oideachasúil saor in aisce é seo do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud na hÉireann. Is é is cuspóir don Tráth na gceist seo ná tuiscint an dalta ar chúrsaí sibhialta, sóisialta agus polaitiúla a mhéadú ar shlí nuálaíoch spreagúil spraíúil.

Cuirtear an Tráth na gceist ar siúl ar bhonn bliantúil i gcaitheamh na bliana acadúla. Gach seachtain cuirtear sraith nua ceisteanna ar fáil ar an suíomh idirlín. Baineann siad le réimsí éagsúla ar nós na hEalaíona, an comhshaol, polaitíocht, sláinte agus sábháilteacht, an Ghaeilge, gnóthaí Eorpacha agus mar sin de. Ar an suíomh idirlín tugtar naisc chuig na suímh agus leathanaigh lín ábhartha sa tslí go bhfuil sé níos fusa do na daltaí na freagraí cearta ar na ceisteanna a aimsiú. Roghnaíonn ríomhaire go randamach cúigear buaiteoirí in aghaidh na seachtaine gach Luan agus cuirtear in iúl do na scoileanna cuí gur bhuaigh duine dá daltaí duais. Dhein Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

urraíocht ar 3 duaiseanna, is é sin **3 turasanna cheithre lá go Strasbourg ina n-áirítear lá iomlán ag Parlaimint na hEorpa, áit inar ghlacadar páirt i bparlaimint óige darb ainm Euroscala.** Thug ionadaí ón Tionól Réigiúnach na duaiseanna do na buaiteoirí ag searmanas i mBaile Átha Cliath i Mí Bhealtaine 2008:

Buaiteoirí 2007/2008 (urraithe ag Tionól Réigiúnach an D&O)

- *Lucja Lis, Bl.4, Meánscoil na mBráithre Críostaí, Móta Gairéad, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman*
- *Hazel McPartlan, Bl.4, Scoil Naomh Angela, Clochar na nUrsalach, Port Láirge*
- *Saidbh Dolan, Bl.5, Meánscoil na mBráithre Críostaí, Móta Gairéad, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman*

Tógadh an Pictiúr seo ag Searmanas Bronnta na nDuaiseanna i mBaile Átha Cliath i Mí Bhealtaine 2008

Sa phictiúr ó chlé go deas: Saidbh Dolan, Buaiteoir Duaise; Vincent Dunphy, Tionól Réigiúnach an D&O; Hazel McPartlan, Buaiteoir Duaise; Lucja Lis, Buaiteoir Duaise.

Leanfar d'uarraíocht ar Thráth na gceist do Mhic Léinn i 2009. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.graduate.ie

Comhdháil Bhliantúil an Deiscirt & an Oirthir i nGleann na nDraoithe, Cill Mhantáin – 16ú Bealtaine 2008

Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ina óstach dá 9ú Comhdháil Bhliantúil in Óstán Marriott Druids Glen, Co. Chill Mhantáin ar an 16ú Bealtaine 2008. Ba é téama na Comhdhála "Cláir um Chomhar idir Chríocha (Interreg) 2007-2013 – cén tairbhe atá iontu d'eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn?" (*"EU Territorial Cooperation Programmes (Interreg) 2007-2013 – what's in it for regional and local bodies in Ireland?"*) D'oscail an tUas. Dick Roche TD, Aire Stáit um an Eoraip an chomhdháil agus d'fhreastail painéal de chainteoirí mór le rá uirthi. Bhí an chomhdháil dírithe ar Chlár na hÉireann-na Breataine Bige agus ar Chlár Iarthuaisceart na hEorpa agus tugadh comhairle phraiticiúil d'eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha ann.

An 9ú Comhdháil Bhliantúil a reáchtladh ar an 16ú Bealtaine 2008 in Óstán Marriott Druids Glen

Sa phictiúr ó chlé: Seán McGloin, Údarás na Gaeltachta, Gaillimh; Ruut Louwers, Ceann Aonaid, Interreg IVB NWE; An Comhairleoir Conal Kavanagh, Cathaoirleach, Tionól Réigiúnach an D&O; Dick Roche TD, Aire Stáit um an Eoraip; Simon Baily, Ceann Aonaid Clár na hÉireann-na Breataine Bige agus Gerry Sutton, Ionad Acmhainne Cósta & Mara, Col. Ollscoile, Corcaigh

Comhdháil Dheireanach ESTIIC– 30ú Bealtaine 2008

Gijón (An Spáinn) – Ionad na Comhdhála Deireanaí ESTIIC

Thaistil toscaireacht ó Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir go Gijón na Spáinne chun freastal ar Chomhdháil Dheireanach ESTIIC dar theideal "Beartais Réigiúnacha ar nuálaíocht atá á chomáint ag an teicneolaíocht agus ar shochaí an eolais – Teicneolaíochtaí do Gnólachtaí Beaga agus Meánmhéide: Ceachtanna a foghlamaíodh agus torthaí deiridh" (*"Regional Policies on technology-driven innovation and information society Technologies for SMEs: Lessons learned and final results"*). Bhí an chomhdháil ar siúl ar an 30ú Bealtaine 2008 i La Laboral, Gijón (Ollscoil Oibre Gijón). Is iad na ceithre réigiúin atá rannpháirteach i dtionscadal ESTIIC ná Asturias, Nord-Rhein Westfalen, Oirdheisceart na hÉireann agus Cantabria. Chuir cainteoir ó gach réigiún díobh seo torthaí an tionscadail i láthair, Stephen Blair, Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ina measc.

Cuireadh torthaí na n-ocht bhfothionscadail ESTIIC faoi Shochaí Nuálaíochta agus Eolais i láthair ag an gcomhdháil agus bhí plé phainéil ar siúl ina dhiaidh sin. Ba é Ivan Grimes, Stiúrthóir Cúnta Tionól Réigiúnach an D&O a bhí mar mhodhnóir ar an bpainéal pléite. Chuir tionscnóirí na bhfothionscadal Éireannach a gcuid tionscadal i láthair: RFID4SME, curtha i láthair ag Ed Sheldon, IT Thrá Lí; A4M curtha i láthair ag Mike Scott, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; CBExS, curtha i láthair ag Michael Moroney, Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt agus and SMITH curtha i láthair ag Eric Chau, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Bhí na fothionscadail nuálaíochta dirithe ar Teicneolaíochtaí radaimhinicíochta, ar nanatheicneolaíocht, ar shlándáil TF agus ar fhoisitheoireacht saindéanta agus bhí fothionscadail Sochaí an Eolais dírithe ar ríomh-shláinte, ar eolas geospásúil agus ar fheidhmchláir leathanbhanda. Cuireadh fóróga TFC na hEorpa do na Réigiúin i láthair ag an gcomhdháil.

Mhínigh baill an Choiste Stiúrtha ESTIIC, Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ina measc, tátail na mblianta seo go rabhthas ag comhoibriú tríd an tionscadal ESTIIC. Threisíodar gur thionscadal fíor-dhearfa a bhí in ESTIIC toisc go raibh deis ag na ceithre réigiúin rannpháirteacha gníomhaíochtaí a chur i gcrích nárbh fhéadfaí a dhéanamh murach an creat seo. Bhí sé seo ag teacht le ceann de phríomhchuspóirí Choimisiún na hEorpa agus é ag maoiniú an sort seo gníomhaíochta.

Cruinniú an Choiste Mhonatóireachta – 29ú Aibreán 2008

Ag cruinniú bliantúil an choiste mhonatóireachta thug At the annual monitoring committee meeting, Stiúrthóir an Tionóil Réigiúnaigh, Stephen Blair, cuntas ar an dul chun cinn a deineadh i gcur i ngníomh an Chláir Oibriúcháin Réigiúnaigh atá á chomh-mhaoiniú ag CFRE gur tuairiscíodh caiteachas breis is €151 milliún ina leith le linn 2008. Caitheadh an t-airgead thar réimse téamaí ina n-áirítear tacaíocht do Mhicrífhiontair, Thaighde agus Leathanbhanda agus is ionann é agus 22% den gcistiú iomlán atá ar fáil don gClár Réigiúnach. Dúirt an tUasal Blair gur suntasach an dul chun cinn é i bhfianaise na lagtrá eacnamaíochta atá againn faoi láthair.

Dúirt an tUasal Blair, leis, go raibh an Clár Réigiúnach dírithe go mór ar Chlár Oibre Liospóin agus ar Chlár Oibre Gothenburg leis na trí tosaíochtaí atá aige, is é sin, Nuálaíocht & Eacnamaíocht an Eolais, An Comhshaol agus Inrochtaineacht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe. Chomh maith leis sin dúirt sé gur deineadh dul chun cinn suntasach le linn 2008 a chabhróidh le hÉirinn a cuid gealltanas a chomhlíonadh de réir mar atá leagtha amach sa gClár Athchóirithe Náisiúnta.

Ar an iomlán tá breis is €680 milliún ar fáil do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir faoin gClár Réigiúnach. Den méid seo cuirtear €147 ar fáil ag an AE faoin gCiste Forbartha Réigiúnaí.

Ceapacháin Foirne agus Saoire

Bliain bhroidiúil ab ea 2008 ó thaobh earcú foirne de. Chuir an Tionól agallaimh ar siúl i gcomhair phost an Stiúrthóra Chúnta, post an Fheidhmeannach Cláir, an Oifigeach Caidrimh Chláir agus an Oifigeach Foirne. Reáchtáil Clár na hÉireann-na Breataine Bige agallaimh i gcomhair phost an Oifigigh Fhorbartha.

Fuair an tUasal David Kelly ardú céime ó Fheidhmeannach Clár go Stiúrthóir Cúnta agus tháinig sé in áit an Uasail Ivan Grimes. I 2008 earcaíodh triúir Fheidhmeannach Cláir, leis, agus dá thoradh sin tháinig Sonja Maurus agus Sharon Crotty isteach sa Tionól i Mí Bhealtaine agus i Mí Dheireadh Fómhair faoi seach. Chomh maith leis sin fuair an tUasal Vincent Dunphy ardú céime óna phost mar Oifigeach Foirne. Ghlac Orla Kelly le post an Oifigeach Foirne, rud a d'fhág go raibh folúntas d'Oifigeach Tionscadail in Oifig Chlár na hÉireann-na Breataine Boige agus fuair Breda Curran an post sin mar ardú céime. Chuaigh Siobhan Curran i mbun a poist sa Tionól Réigiúnach i Mí Eanáir 2008.

Fuair Antoinette Jordan ardú céime óna post mar Oifigeach Forbartha i Clár na hÉireann-na Breataine Bige go Oifigeach Caidrimh Chláir d'Interreg Iathuaisceart na hEorpa agus do Chláir eile de chuid an AE. Chuaigh sé in áit Ronan Gingles. Earcaíodh Siobhan Rudden chun dul i mbun post an Oifigeach Forbartha a bhí folamh, agus mar sin tháinig sí isteach chuig Clár na hÉireann-na Breataine Bige i Mí an Mheithimh 2008.

Tháinig Therese Curran agus Rita McGarvey chuig Clár na hÉireann-na Breataine Bige mar Oifigigh Tionscadail i Mí Eanáir agus i Mí Aibreáin faoi seach. Chomh maith leis sin, chuaigh Caitriona Phelan agus Edel Hunt i mbun a bpost i Mí Eanáir agus i Mí na Márta faoi seach.

Le linn na bliana chaith Mark Bradley ó Ollscoil Luimnigh 6 mhí i socrúchán oibre ar éirigh go han-mhaith leis. Táimid ag súil le socrúchán eile dá shórt a chur ar fáil le linn 2009.

D'imigh roinnt baill foirne ón Tionól agus ó Chlár na hÉireann-na Breataine Bige araon i gcaitheamh na bliana, is iad sin Vivian Tang, Sandrine Bertin, Ronan Gingles, Ivan Grimes agus Dolores Keating.

Sa bhliain seo bhain baill foirne tairbhe as réime tionscnamh a thacaíonn le teaghlaigh. Orthu seo a áirítear Saoire le linn Téarma, Saoire Ama Sholúbtha, Saoire Mháithreachais, Saoire Thuismitheora agus Ríomhoibriú.

Saoráil Faisnéise

Tá an Tionól Réigiúnach faoi réir na nAchtaí um Shaoráil Faisnéise 1997-2003.

Faoi mar a éilítear san Acht ní mór don Tionól Réigiúnach idhá Lámhleabhar a fhoilsiú faoi Ailt 15 & 16:

- I lámhleabhar Ailt 15 tugtar forbhreathnú ar an Tionól agus ar an tslí ina bhfeidhmíonn sé; na feidhmeanna a deintear, na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na haicmí éagsúla taifead atá ag an Tionól.

Tá an dá dhoiciméad ar fáil ar ár suíomh idirín www.seregassembly.ie

Tá Orla Kelly, Oifigeach Foirne/Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ina hionadaí ag an Tionól Réigiúnach ar líonra na nOifigeach um Shaoráil Faisnéise atá á óstú ag Bord Seirbhísí Bainistíochtas an Rialtais Áitiúil. Bíonn cruinniú ag an líonra gach ráithe i mBaile Átha Cliath agus is í an phríomhchuspóir atá aige ná foram a chur ar fáil d'oifigigh um Shaoráil Faisnéise ó eagraíochtaí poiblí éagsúla chun saincheisteanna comhleasa maidir le cúrsaí Saoráil Faisnéise a phlé. Bhí comhdháil bhliantúil an líonra ar siúl i Mí Aibreáin. D'fhreastail roinnt aochainteoirí uirthi.

I gcaitheamh 2008 lean an Tionól air ag cur ar fáil torthaí cúrsaí Saoráil Faisnéise de réir na rialacha faoina bhfuil staitisicí Saoráil Faisnéise le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Oifig Réigiúin na hÉireann

Cuireadh Oifig Réigiúin na hÉireann ar bun sa Bhruiséil sa bhliain 2000 chun a bheith ina hacmhainn do bhaill Éireannacha ar Choiste na Réigiún agus na n-údarás réigiúnacha. Cuireann sé réimse seirbhísí eolais faoin AE ar fáil chomh maith le tacaíochtaí beartais agus tionscadail d'eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn.

I 2008, chomhdhlúthaigh Oifig Réigiúin na hÉireann a cuid seirbhísí. Mar chuid dá seirbhís eolais chuir sí amach feasacháin nuachta mhíosúla, réimse bileoga faoi bheartas agus seirbhís fheabhsaithe ar an idirlíon. I gcaitheamh 2008 chabhraigh sí le rannpháirtíocht údarás áitiúil/réigiúnach i dtionscadail atá á maoiniú ag an AE. Agus a feidhm ionadaíochta á forbairt aici, dhein an Oifig éascaíocht do roinnt cuairteanna staidéir go dtí an Bruiséil, bhuail le grúpaí ó réigiúin Eorpacha eile. Ghlac páirt i líonraí a bhí bunaithe sa Bhruiséil, d'éascaigh teagmhálacha idir-réigiúnacha agus chuir chun cinn an obair maidir leis an AE a bhfuil údaráis áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn rannpháirteach inti. Mar oifig a thugann tacaíocht do bhaill Éireannacha de Choiste na Réigiún dhein an Oifig tuilleadh forbartha ar an tseirbhís faisnéise atá á fáil ag na baill, go háirithe trí feabhas a chur ar theagmhálacha agus ar chruinnithe le buanionadaíocht na hÉireann don AE.

Comhdhálacha agus Seimineáir

Bhí ionadaíocht ag an Tionól Réigiúnach ag na Comhdhálacha/Seimineáir seo a leanas le linn 2008:

Teideal	Suíomh	Ionadaithe
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí-Cúrsa Gaeilge	Oileáin Árainn, Co. na Gaillimhe	1
An 16ú comhdháil bliantúil Chiarraí um Aitheantas don gComhshaoil	Baile an Bhuineáinigh, Co. Chiarraí	2
Seimineár mar gheall ar leathanbhannda	Baile Átha Cliath	4
Comhdháil bhliantúil an Earraigh 2008 de chuid LAMA	Baile Átha Troim	1
Comhdháil bhliantúil an Gheimhridh 2008 de chuid LAMA	Caisleán an Barraigh, Co. Mhaigh Eó	1
Instiúid Phleanála na hÉireann	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eó	1
Comhdháil Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir	Áth Dara, Co. Luimigh	1
Comhdháil Turasóireachta Aontroma/Chláir	Dún Eadradh, Co. Aontroma	3
Comhdháil Fóraim na Tríú Earnála	Letterkenny, Co. Donegal	1
Comhdháil Encore 2008 faoi Uisce agus Athrú Aeráide	Zaragoza	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí " An tSeirbhís Phleanála Áitiúil"	Cluain Fhia, Co. Phort Láirge	1
Comhdháil Bhliantúil Tionól Réigiúnach Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair	Port Laoise, Co. Laois	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí "Seirbhís Tithíochta an Rialtais Áitiúil"	Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí " Cumarsáid éifeachtach do Chomhairleoirí"	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	2
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí "Iompar frithshóisialta agus Saincheistanna Sláinte agus Sábháilteachta"	Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí " Buiséad na Rialtas Áitiúil i 2009"	Bun Clóidí, Co. Loch Garman	1
La Touche	Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin	1
Comhdháil Turasóireachta an Chláir	Inis Díomháin, Co. an Chláir	2
Comhdháil Uile-Oileáin 2008 um Chomhairliúchán Poiblí	Baile Átha Cliath	1
Cumann Reigiúin na hÉireann	Inse Domhnaigh, Co. Chorcaí	1
Comhdháil Bhliantúil Thionól Réigiúnach an D&O	Gleann na nDraoithe, Cill Mhantáin	12
Coiste na Réigiún "Ag tacú lenár nGnólachtaí Beaga agus Meánmhéide"	Baile Átha Luain	5
Comhdháil Líonra na tríú Earnála um Airgidiú ón Rialtas Áitiúil	Cill Áirne	1

Cuntais Chomhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais *
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2008

	Cuntais Chomhdhlúite 2008	Cuntais Chomhdhlúite 2007
Ioncam	**€**	**€**
Cioníocaíochtaí ó na hÚdaráis Áitiúla	1,302,763	1,173,457
Roinn Airgeadais	175,000	
Aisghabháil ó Chúnamh Teicniúil (Tionól Réigiúnach)	21,720	190,166
Aisghabháil Thuarastail ó Chláir de chuid an AE	109,094	59,542
Contra Aoisliúntais	35,467	27,741
Contra	734,873	
Aisghabháil ó INTERREG i leith taisteal foirne	5,000	10,714
Nithe ilghnéitheacha	43,339	12,436
Aisghabháil ó Chláir de chuid an AE	417,289	1,470,775
Íostarraingt ó Chúnamh Teicniúil (Ginearálta)	1,056,295	430,000
Fáltais ó Chomhdhálacha Bliantúla	12,650	17,150
Gníomhartha Nuálaíocha (Tionól Réigiúnach an D&O)	0	-
Nithe eile	1,644,127	
Iomlán	**5,557,618**	**4,374,890**
Caiteachas	**€**	**€**
Costais Phárolla **	1,405,995	1,024,869
Taisteal agus Cothú - Foireann	134,441	126,290
Liúntais Bhliantúla. Art 35 (1)	118,080	130,588
Taisteal Alt 35 (2) (A)	32,728	29,673
Taisteal Alt 35 (2) (B)	0	0
Táillí Comhdhála	11,585	8,980
Trealamh & Soláthairtí oifige & Conarthaí	52,519	41,890
Costais Fuinnimh	13,456	11,758
Post & Guthán	36,153	32,130
Cíos, Rátaí	142,805	143,212
Deisiú agus Cothabháil	27,781	33,094
Árachas	12,969	12,814
Tuarascáil Bhliantúil	8,082	7,392
Táillí Proifisiúnta	33,629	164,876
Caidreamh Poiblí	108,181	83,645
Cioníocaíochtaí	21,773	23,563
Táillí Bainc	1,177	1,661
Sláinte agus Sábháilteacht	943	3,070
Cúnamh Teicniúil (Tionól)	255,586	297,585
Cúnamh Teicniúil (Údaráis Réigiúnacha)	4,559	118,256
Nithe Ilghnéitheacha	44,530	29,432
Cláir/Tionscadail an AE (RIAP Meaitseáilte & INTERREG 50%	132,000	0
Muirear Dímheasa	25,798	11,884
Clár Oibriúcháin um Chomhar idir Chríocha	5,537	40,303
Íocaíochtaí Fo-thionscadail ESTIIC	329,341	75,640
An Scéim WIN	3,974	
Contra	976,753	740,909
Contra Aoisliúntais	35,467	
Iomlán an Chaiteachais	**3,974,842**	**3,193,514**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachais	**1,582,776**	**1,181,376**
Iarmhéid @ tosach na Bliana	**1,370,140**	**188,764**
iarmhéid @ deireadh na Bliana	**2,952,916**	**1,370,140**

* Cuntais faoi réir Iniúchta ** Áirítear tuarastail, aoisliúntas, oiliúint foirne agus earcaíocht i gcostais phárolla

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail ar an 31ú Nollaig 2008*

	Cuntas chomhdhlúite 2008	Cuntas comhdhlúite 2007
	€	€
Sócmhainní seasta	48,917	34,956
Sócmhainní reatha		
Airgead tirim sa bhanc	3,176,980	1,664,960
Stoc	-	-
Feichiúnaithe	272,657	111,170
	3,449,636	**1,776,130**
Dliteanais reatha		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	493,404	271,769
Rótharraingte ag banc	52,233	169,177
	545,637	**440,946**
Glan-Shócmhainní reatha	**2,903,999**	**1,335,184**
Glan-Shócmhainní	**2,952,916**	**1,370,140**
Arna airgeadú ag		
Iarmhéid @ tosach na bliana	1,370,140	188,764
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	1,582,776	1,181,376
	2,952,916	**1,370,140**

* Cuntais faoi réir iniúchta